## Targaireacht Ieremiais.

*Sagart ab ea Ieremias. In Anatot a rugadh é, cathair sagartachta i dtreibh Bheniamin, agus do naomhaíodh é ó bhroínn a mháthar, chun bheith in' fháidh do Dhia, agus do thosnaigh sé ar ghnó na hoifice sin a dhéanamh agus é 'na leanbh. Bhí sé, i gcaitheamh a shaeil go léir, mar a chiallaíonn a ainm "Mór os cómhair Dé". Bhí sé, go speisialta, 'na shamhaltas d'Íosa Críost, sa chuma 'nar crádh é agus é ag cómhlíonadh a dhualgais, sa ghrá a bhí aige dá namhaid ar son Dé, agus sa bhás chruaidh a thugadar do. Seanchas béil is ea é i measc na nÉabhrach gur chuir an iarsma Giúdach úd a chuaigh síos san Éigipt chun báis é le gabháil de chlochaibh ann.*

**Caib. a hAon**

*Aimsir Ieremiais agus a ghlaoch. Na haislingí targaireachta do chonaic sé. Dia ag cur misnigh air.*

1 Bréithre Ieremiais, mac Helciais, de sna sagartaibh a bhí in Anatot, i dtír Bheniamin. 2 Briathar an Tiarna do tháinig chuige i laethibh Iosiais, mac Amoin, rí Iúda, sa tríú blian déag dá réim: 3 agus do tháinig chuige i laethibh Ioacim mhic Iosiais rí Iúda go dtí deireadh na haonú bliana déag de Shedecias mac Iosiais rí Iúda, agus go dtí breith Ierúsalem chun siúil i mbraighdineas sa chúigiú mí.

4 Agus tháinig briathar an Tiarna chúm dhá rá: 5 Sarar chumas tu in inníbh do mháthar bhí aithne agam ort: agus sara dtáinís amach as an mbroínn do naomhaíos tu, agus do dheineas díot fáidh chun na nGeinte. 6 Agus duartsa: Á, á, á, a Thiarna Dia, féach, ní féidir dómhsa labhairt mar is leanbh me. 7 Agus duairt an Tiarna liom: Ná habair: Is leanbh me: óir imeóir chun an uile ní dá gcuirfeadsa chuige thu, agus pé ní adéarfad leat a rá, déarfair é. 8 Ná glac eagla roimena ngnúis mar beadsa it fhochair agus tabharfad saor thu, adeir an Tiarna.

9 Agus do shín an Tiarna a lámh agus do bhain sé lem béal: agus duairt an Tiarna liom: Féach táid mo bhréithre tabhartha id bhéal agam. 10 Taoi curtha agam an lá so os cionn na ngeinte agus os cionn ríocht chun bheith ag stracadh aníos agus ag stracadh anuas, agus chun bheith ag réabadh agus ag dísciú, agus chun bheith ag foirgneamh agus ag planndú.

11 Agus tháinig briathar an Tiarna chúm dhá rá: Cad a chíonn tú, a Ieremiais? Agus duart: Chím slat ag faire. 12 Agus duairt an Tiarna liom: Is maith a chíonn tú: óir beadsa ag faire ar mo bhriathar, chun go ndéanfad é.

13 Agus tháinig briathar an Tiarna chúm an tarna huair, dhá rá: Cad a chíonn tú? Agus duart: Chím coire ag fiuchaidh, agus a aghaidh ó aghaidh an tuaiscirt. 14 Agus duairt an Tiarna liom: Brisfid amach ón dtuaiscirt drochní ar lucht áitribh uile na tíre. 15 Óir féach glaofadsa chun a chéile cineacha uile na ríocht san an tuaiscirt, adeir an Tiarna, agus tiocfaid siad, agus cuirfidh gach duine acu a chathaoir ríoga i ngeataíbh Ierúsalem. Agus ar a fallaíbh go léir mórthímpall, agus ar chathrachaibh uile Iúda. 16 Agus labharfadsa mo bhreith 'na gcoinnibh, i dtaobh a mallaitheachta san go léir atá tar éis mise do thréigean agus íbirt a dhéanamh chun déithe iasachta, agus tar éis oibre a lámh féin d'adhradh.

17 Deinse, dá bhrí sin, do luana a chriosú suas agus labhair leó gach ní dá n-abraimse leat. Ná bíodh eagla ort 'na láthair, óir déanfadsa thu bheith gan eagla roimena ngnúis. 18 Óir féach tá déanta agam díot inniu cathair dhaingean, agus polla iarainn, agus falla práis os cionn na tíre go léir, do ríthibh Iúda agus do phriúnsaíbh Iúda, agus do sna sagartaibh agus do dhaoine na tíre. 19 Agus beidh siad ag troid id choinnibh, agus ní bhuafaid siad ort, mar táimse it fhochair, adeir an Tiarna, chun tu ' thabhairt saor.

**Caib. a Dó**

*Dia ag aighneas leis an Giúdaígh mar gheall ar a míbhaochas agus ar a ndíchreideamh.*

1 Agus tháinig briathar an Tiarna chúm dhá rá: 2 Imigh agus liúigh isteach i gcluasaibh Ierúsalem agus abair: Seo mar adeir an Tiarna: Táim tar éis cuímhneamh ort le trua do t'óige, agus do ghrá do phósta, nuair a bhís 'om leanúint san uaigneas, sa tír ná curtar síol ann. 3 Tá Israél naofa chun an Tiarna, is é céadtoradh a mhéadaithe é; iad san uile a bhíonn dhá shlogadh deinid siad coir. Tiocfaid uilc orthu adeir an Tiarna.

4 Cloisidh briathar an Tiarna, a theaghlach Iácoib, agus sibhse, a chineacha uile teaghlaigh Israél: 5 Seo mar adeir an Tiarna: Cad í an mhallaitheacht a fuair úr n-aithreacha ionamsa gur imíodar i bhfad uaim, agus gur shiúlaíodar i ndiaidh na baoise, agus go bhfuilid siad 'na ndaoine baotha? 6 Agus ní dúradar: Ca bhfuil an Tiarna do chuir ' fhéachaint orainn teacht aníos a tir na hÉigipte? An Tiarna do stiúraigh sinn tríd an uaigneas, trí thalamh gan lucht áitribh, agus nách féidir gabháil tríd, trí thalamh tíormachta, agus scáile an bháis, trí thalamh ná siúlaíodh aon duine ann, agus ná cónaíodh aon duine ann? 7 Agus do sheólas-sa sibh isteach i dtír Chármel[1], chun go mbeadh sibh ag ithe a thoradh, agus ag ithe na nithe rófhónta a bhí ann. Agus nuair a chuabhair isteach do thruailleabhair mo thalam, agus do dheineabhair grainniúlacht de m'oidhreacht. 8 Ní duairt na sagairt: Ca bhfuil an Tiarna? Agus ní raibh aithne orm ag an muíntir go raibh greim ar an ndlí acu, agus dhein na haeirí iomarbhas im choinnibh, agus dhein na fáidheadóirí fáidheadóireacht i mBaal, agus do leanadar íodail.

9 Dá bhrí sin beadsa fós ag aighneas libhse i mbreithiúntas, adeir an Tiarna agus bead ag abhcóidíocht lenúr gclaínn.

10 Imídh anonn go dtí oileánaibh Chetim, agus féachaidh, agus isteach i gCedar agus breithnídh go cruínn: agus féachaidh ar deineadh aon ní den tsórd so: 11 ar athraigh aon náisiún a ndéithe, agus go deimhin ní déithe iad: ach tá mo phobalsa tar éis a nglóire d'athrú 'na híodal. 12 Bíodh alltacht oraibh, a fhlaitheasa, mar gheall air sin, agus, a gheataí na bhflaitheas, bídh go han-uaigneach, adeir an Tiarna, 13 óir tá dhá olc déanta ageam pobalsa. Do thréigeadar mise, tobar an uisce bheó, agus do rómhradar dóibh féin umaracha, umaracha briste ná féadann aon uisce ' chimeád.

14 An daor Israél? Nú an mogh é? Cad a bheir in' fhoghail é dá bhrí sin? 15 Táid na leóin tar éis bheith ag búirthigh os a chionn, agus ag déanamh fothraim. Tá fiantas déanta acu dá thír. Táid a chathracha dóite ar lár, agus gan éinne chun áitribh iontu. 16 Táid clann Mhemphis, leis, agus clann Tarphneis, tar éis tu ' thruailliú go dtí mullach do chínn: 17 nár deineadh san leat toisc gur thréigis do Thiarna Dia an uair sin, nuair a bhí sé dhot stiúrú sa tslí? 18 Agus anois cad ab áil leat i slí na hÉigipte chun bheith ag ól an uisce shailigh? Agus cad ab áil leat i slí na nAssuíriánach, chun bheith ag ól uisce na habhann. 19 Beidh do mhallaitheacht féin ag cur it leith, agus déanfaidh an tréigean atá déanta agat imdheargadh ort. Bíodh ' fhios agat, agus feic, gurb olc an rud agus gur searbh an rud duit imeacht ód Thiarna Dia, agus gan m'eaglasa ' bheith ort, adeir an Tiarna, Dia na sló.

20 Is fadó riamh a bhrisis mo chuíng agus do réabais mo chuíbhreacha, agus adúraís: Ní dhéanfad seirbhís. Óir, ar gach cnuc ard agus fé gach crann glas, do bhíthása 'od shíneadh féin it mhéirdreach. 21 Ach do phlanndaíos thu it fhíonghort thofa, síol fírinneach ar fad. Conas a thárla más ea go bhfuilir iompaithe amach dom it rud gan aon tairbhe, a fhíonghuirt eachtrannaigh? 22 Bíodh go nífir thu féin le *nitrum*, agus go n-iomadóir chút féin an luibh *bórit*[2], tá salachar do mhallaitheachta ort os mo chómhair, adeir an Tiarna Dia. 23 Conas is féidir duit a rá: Nílim truaillithe. Níor shiúlaíos i ndiaidh Bhaalim? Féach do shlite sa ghleann. Bíodh ' fhios agat cad 'tá déanta agat: mar a leanann reathaí luath a chúrsa. 24 I mian a anama féin do ghlac an t-asal fiain

1 Caib. 2. véar. 7. "*Cármel*". Ba ghnáth Cármel a thabhairt mar ainm ar aon talamh a bheadh torthúil, fónta.

2 Véar. 22. "Bórit". Luibh ab ea é, agus do ghlanadh sé éadach, agus bhaineadh sé amach spotaí agus salachar.

chuige sa bhfiantas ar a raibh taithí aige, gaoth a ghrá: ní iompóidh éinne chun siúil í: gach a mbeidh ar a lorg ní theipfidh orthu: ’na salachar míosúil a gheóbhaid siad í. 25 Cimeád do chos gan bheith lom agus do scórnach ó thart. Agus dúraís: Tá an uile dhóchas caillte agam. Ní dhéanfad é. Thugas grá d’eachtrannachaibh. Siúlód ’na ndiaidh sin. 26 Fé mar a bhíonn náire ar an mbithiúnach nuair a beirtear air, sin mar atá náire ar theaghlach Israél, iad féin agus a ríthe agus a bpriúnsaí agus a sagairt, agus a bhfáidhí, 27 dhá rá le bloc: Is tusa m’athair: agus le cloich: Is tusa do ghein me. Is é a ndrom atá tabhartha acu ormsa agus ní hé a n-aghaidh*. Agus in am a gcruatain déarfaid siad: Éirigh agus fuascail sinn. 28 Ca bhfuil na déithe a dheinis duit féinig? Éirídís sin agus fuasclaidís thu in am do chruatain, óir de réir uimhre do chathracha is ea bhí uimhir do dhéithe, a Iúda.

29 Cad chuige dhíbh bheith ag aighneas liomsa i mbreithiúntas? Do thréigeabhair go léir me, adeir an Tiarna. 30 Is in aistear a bhuaileas do chlann. Níor ghlacadar an smacht. Táid t’fháidhí sloigithe ageat chlaíomh. Is cuma nú león léirscriosa do shliocht.

31 Féachaidh briathar an Tiarna. A’ bhfuilim im fhiantas d’Israél, nú im thalamh a théann chun deireanaí i bhfás? Cad chuige dá bhrí sin, go bhfuil ráite ageam pobal: Táimíd id choinnibh. Ní thiocfaimíd chút a thuilleadh? 32 An ndéanfaidh maighdean dearúd dá hórnáid? Nú céile d’fascán a huchta. Ach tá dearúd déanta ageam pobal díomsa laethanta gan áireamh. 33 Cad chuige dhuit bheith a d’iarraidh a thaispeáint gur maith do shlí chun mo ghrá do lorg, agus tu san am gcéanna dhá mhúineadh dod mhailísíbh conas bheith ’na slitibh agat, 34 agus go bhfachtar id sciortaíbh fuil anamnacha na mbocht agus na neamhchiontach? Ní hi ndíograchaibh a fuaras iad, ach in sna háiteannaibh uile aduairt cheana. 35 Agus dúraís-se: Táim gan pheaca, táim neamhchiontach: agus dá bhrí sin iompaítear t’fhearg uaim. Féach déanfadsa aighneas leat i mbreithiúntas, toisc go ndúraís: Táim gan pheaca. 36 Nách sprionnlaithe ar fad ataoi iompaithe amach, ag gabháil na bóithre céanna* arís eile, agus beidh náire ort roimis an Éigipt fé mar a bhí ort roimis an Assuíriánach. 37 Óir beidh tú ag gabháil amach as san agus do lámh ar do cheann agat. Óir tá do mhuinín curtha ar neamhní ag an dTiarna, agus ní bheidh aon ní ag éirí leat san áit.

## Caib. a Trí

*Dia dhá iarraidh ar na Giúdaígh stuacacha casadh thar n-ais chuige agus go nglacfadh sé iad. Ínstear roim ré iompáil na nGeinte chun an chreidimh.*

1 Is rá coiteann: Má chuireann fear uaidh a bhean phósta, agus má imíonn sí uaidh agus go bpósfaidh sí fear eile, an bhfíllfidh sé chúithi a thuilleadh? Ná beidh an bhean san ’na mnaoi neamhghlan, thruaillithe? Ach tá drúis déanta agatsa lena lán lucht grá, ach mar sin féin, fíll thar n-ais agus glacfad thu, adeir an Tiarna. 2 Tóg suas do shúile go hárd agus féach ca bhfuil an áit nár dheinis do dhrúis ann: bhíthá it shuí in sna bóithribh ag feitheamh leó mar ’ bheadh foghlaí sa bhfiantas: agus tá an tír truaillithe agat led ghníomharthaibh drúise, agus led mhallaitheachtaíbh.
3 Uime sin is ea do cimeádadh siar na ceathanna, agus agus ná riabh aon fhearthainn dheirineach: bhí éadan striapaí ort. Ní lasfá le náire. 4 Dá bhrí sin, as so amach an chuid is lú dhe, glaeigh ormsa: Is tu m’athair, giolla mo mhaighdinis. 5 An mbeir i bhfeirg go deó, nú an leanfair go deireadh? Féach tá labhartha agat. Dheinis an t-olc, agus d’fhéadais é.

6 Agus duairt an Tiarna liom i laethibh Iosiais: an bhfeacaís cad a dhein Israél cheannairceach? D’imigh sí lena toil féin ar gach cnuc árc agus fé gach crann glas agus dhein sí striapachas ann.
7 Agus nuair a bhí na nithe sin go léir déanta aici duairtsa: Tar thar n-ais chúm. Agus níor tháinig sí thar n-ais. Agus chonaic a drifiúr chealgach, Iúda, 8 gur chuireas-sa uaim í agus gur thugas bille

díbeartha dhi, toisc gur dhein sí an striapachas: agus fós ní raibh eagla ar a drifiúr chealgach, Iúda,
agus d'imigh sí agus dhein sí féin striapachas, leis. 9 Agus le saoráid a striapachais do thruailligh sí
an tír, agus dhein sí drúis le clochaibh agus le blocaibh adhmaid. 10 Agus tar éis an méid sin go léir
níor tháinig a drifiúr chealgach, Iúda, thar n-ais chúm lena lán chroí, ach amháin le héitheach, adeir
an Tiarna.

11 Agus duairt an Tiarna liom: Tá Israél cheannairceach tar éis a hanama do cheartú, i gcúmparáid
le Iúda chealgach. 12 Imigh agus fógair na focail seo i dtreó an tuaiscirt, agus déarfair: Fíll, a Israél
cheannairceach, adeir an Tiarna, agus ní iompódsa m'aghaidh uaibh. Óir is naofa mise, adeir an
Tiarna, agus ní bhead i bhfeirg de shíor. 13 Ach fós admhaigh do mhallaitheacht, go bhfuil
iomarbhas déanta agat i gcoinnibh do Thiarna Dia: agus gur scaipis do shlite chun eachtrannach fé
gach crann glas, agus nár éistis lem ghlór, adeir an Tiarna. 14 Fillidh, a chlann cheannairceach, óir
is mise úr bhfear, agus tógfadsa sibh, duine as an gcathair agus duine as an gcine, agus tabharfad
isteach sibh i Síon. 15 Agus tabharfad díbh úr n-aeirí de réir mo chroí féinig, agus cothóid siad sibh
le heólas agus le teagasc.

16 Agus nuair a bheidh iomadaithe agaibh agus nuair a mhéadóidh sibh sa tír in sna laethibh sin,
adeir an Tiarna, ní déarfaid siad a thuilleadh: Airc chonnartha an Tiarna. Ná ní thiocfaidh san ar an
gcroí, ná ní bheidh cuímhne uirthi sin, ná ní beifar ag dul ar chuaird chúithi, ná ní déanfar an ní sin a
thuilleadh. 17 San aimsir sin tabharfar ar Ierúsalem cathaoir ríoga an Tiarna, agus cruinneófar
chúithi na Geinte go léir, in ainm an Tiarna go Ierúsalem, agus ní bheid siad ag siúl i ndiaidh
tuathalachta a gcroí rómhallaithe.

18 In sna laethibh sin raghaidh teaghlach Iúda go teaghlach Israél, agus tiocfaid siad in éineacht
amach a tír an tuaiscirt chun na tíre a thugas-sa dúr n-aithreachaibhse. 19 Ach duartsa: Conas a
chuirfead tusa i measc na clainne, agus a thabharfad duit tír aoibhinn agus oidhreacht fhónta shlóite
na nGeinte? Agus duart: Glaofair athair orm, agus ní stadfair de bheith ag siúl im dhiaidh. 20 Ach ar
nós mná a thugann tarcaisne dá fear grá is ea atá tarcaisne tabhartha dhómhsa ag teaghlach Israél,
adeir an Tiarna. 21 Do cloiseadh glór in sna bóithribh móra, gol agus blaidhthreach clainne Israél:
óir tá a slí curtha i mallaitheacht acu, tá a dTiarna Dia dearúdta acu. 22 Fillidh, a chlann
cheannairceach, agus leighisfeadsa úr gceannarca. Féach, táimíd ag teacht ag triall ort óir is tusa ár
dTiarna Dia. 23 Go deimhin is éitheach aduairt na cnuic agus suaitheantas na sléibhte: go deimhin
is é ár dTiarna Dia slánú Israél. 24 Do shloig mearaí saothar ár n-athrach ónár n-óige, a dtréadta
agus a mbuar, a gclann mhac agus a gclann iníon. 25 Codlóimíd 'nár mearaí agus clúdóidh ár náire
sinn, óir táimíd ag déanamh an pheaca i gcoinnibh ár dTiarna Dia, sinn féin agus ár n-aithreacha,
ónár n-óige go dtí an lá so, agus níor éisteamair le guth ár dTiarna Dia.

**Caib. a Ceathair**

*Cómhairle chun aithrí, agus chun tímpeallgheárrtha an chroí. Agus pionós léanmhar dá bhagairt ar dhaoinibh a leanfaidh ag déanamh an pheaca.*

1 Más mian leat filleadh, a Israél, iompaigh chúm, adeir an Tiarna. Má thógann tú na bluic tuisle as
do radharc ní corrófar thu. 2 Agus dearbhóir: Mar is beó an Tiarna, i bhfírinne, agus i mbreithiúntas,
agus i gceart: agus beid na Geinte ag labhairt go maith air agus dhá mholadh. 3 Óir seo mar adeir an
Tiarna le fearaibh Iúda agus Ierúsalem: Brisidh suas úd dtalamh branair agus ná cuiridh síol ar
dheilgnibh. 4 Tímpallgheárrthar sibh chun an Tiarna, agus tógaidh chun siúil forchroiceann úr
gcroíthe, a fhear Iúda agus a lucht cónaithe Ierúsalem, le heagla go dtiocfadh mo dhíbheirg amach

as nós tine agus go loiscfeadh sí agus ná beadh éinne d'fhéadfadh í ' mhúcadh: mar gheall ar mhallaitheacht úr smaointe.

5 Fógraidh i Iúda, agus cuiridh dá chlos é i Ierúsalem: labhraidh agus deinidh fuaim le trúmpa sa tír: Liúidh go hárd agus abraidh: Cruinnídh sibh féin agus imímís isteach i gcathrachaibh láidre.
6 Cuiridh suas an bratach i Síon. Neartaídh sibh féin, ná stadaidh: óir tá olc agamsa á thabhairt aduaidh agus íde mhór.

7 Tá an león éirithe as a leabaidh agus tá foghlaí na náisiún tar éis é féin do mhúiscilt. Tá sé tagaithe amach as a áit chun do thíre d'fhású. Dísceófar do chathracha dhá bhfágaint gan duine 'na chónaí
iontu. 8 Uime sin criosaídh sibh féin le héadach ruainnigh, bídh ag caoineadh agus ag blaidhthrigh:
óir níl díbheirg fhíochmhar an Tiarna iompaithe uainn. 9 Agus titfidh amach sa ló san, adeir an Tiarna, go mbeidh croí an rí ag dul ar ceal, agus croíthe na bpriúnsaí: agus beidh uathás ar na
sagartaibh, agus beidh alltacht ar na fáidhibh. 10 Agus duartsa: ochón, ochón, ochón, a Thiarna Dia,
agus an amhlaidh a mheallais an pobal so agus Ierúsalem dhá rá: Beidh síocháin agaibh, agus féach an claíomh ag sroisint chun an anama féin?

11 Déarfar an uair sin leis an pobal so agus le Ierúsalem: Tá gaoth ag loscadh in sna slitibh atá in uaigneas slí iníne mo phobail, agus ní chun séidte ná chun glanta. 12 Tiocfaidh gaoth lán as na
háiteannaibh chúmsa, agus anois labharfad mo bhreitheanna leó. 13 Féach tiocfaidh sé aníos ar nós
scamaill, agus a charbait mar ' bheadh stoirm: a chapaill níos luaithe ná fiolair: mairg dúinn óir táimíd scriosta.

14 Nigh do chroí, ón mallaitheacht, a Ierúsalem, i dtreó go sábhálfar thu. Cad é an fhaid a bheidh smaointe díobhálacha ag fanúint agat? 15 Óir guth duine ag fógairt ó Dhan agus ag ínsint i dtaobh
an íodail ó shliabh Ephraim. 16 Abraidh leis na geintibh: Féach tá sé dá chlos i Ierúsalem go bhfuil gárdaí ag teacht ó thír i gcéin agus a nguthaí acu a thabhairt amach i gcoinnibh chathracha Iúda.
17 Táid siad socair mórthímpall uirthi ar nós lucht cimeádta páirceanna: óir táim gríosta chun feirge aici, adeir an Tiarna. 18 Do shlite agus do bheartúchán a thug na nithe sin ort. Do mhallaitheacht féin é sin, óir tá bainte led chroí aige.

19 Im inníbh, im inníbh atá teinneas orm. Táid céadfadha mo chroí ar buaireamh istigh ionam. Ní fhanfad ciúin mar tá m'anam tar éis fuaime an trúmpa d'aireachtaint, agus glao an chatha. 20 Tá
glaeite ar íde ar muin íde, agus tá an domhan go léir scriosta. Táid mo chábáin réabtha go hobann, agus mo phuball in aon neómat amháin. 21 An fada a bhead ag féachaint ar fhearaibh ag teitheadh?
An fada a bhead ag éisteacht le fuaim an trúmpa? 22 Óir níl aithne curtha orm ageam pobal gan chiall. Leanaí gan chiall gan mheabhair is ea iad: tá ciall chun an uilc a dhéanamh acu, ach níl aon eólas acu ar conas an mhaith do dhéanamh. 23 D'fhéachas ar an dtalamh agus féach, folús ab ea é
agus neamhní, agus ar na flaithis, agus ní raibh aon tsolas iontu. 24 D'fhéachas ar na sléibhtibh agus
féach, bhíodar ag crith; agus bhí buaireamh ar na cnucaibh go léir. 25 D'fhéachas, agus féach, ní
raibh aon duine ann, agus bhí éanlaithe an aeir uile imithe. 26 D'fhéachas, agus féach, bhí Cármel in' fhiantas, agus bhí a chathracha go léir ídithe ó aghaidh an Tiarna agus ó aghaidh oirbhíre a dhíbheirge.

27 Óir seo mar adeir an Tiarna: Beidh an talamh go léir in' uaigneas, ach fós ní dhéanfad íde amu' 's amach. 28 Beidh an talamh ag caoineadh, agus beid na spéartha ag déanamh buartha anuas: óir tá labhartha agamsa. tá beartaithe agam agus níl a chathú orm ná nílim iompaithe uaidh. 29 Tá an
chathair go léir tar éis teitheadh ó ghuth na marcach agus na saígheadóirí: táid siad imithe isteach

ins na coílltibh agus suas ar na carraigreachaibh. Táid na cathracha go léir folamh agus níl duine 'na chónaí iontu. 30 Ach nuair a bheirse scriosta cad a dhéanfair? Má éidíonn tu féin le scárlóid, agus má chuireann tú maise ort féin le hórnáidíbh óir, agus má chimleann tú do shúile le cloich *stibic*, beidh an córú in aistear agat. Beid do lucht grá bréan díot, beid siad ar tí an anama ' bhaint asat. 31 Óir d'airíos glór mar ' bheadh glór mná i mbreóiteacht clainne, doghrainneacha ar nós mná ag cur linbh di. Glór iníne Síoin ag dul chun báis, ag leathadh a lámh. Mo léan! Tá m'anam i laige mar gheall orthu san a maraíodh!

**Caib. a Cúig**

*Breitheanna Dé le titim ar na Giúdaígh mar gheall ar iomarca a bpeacaí.*

1 Gabhaidh tímpall trí sráidibh cathrach Ierúsalem agus féachaidh agus breithnídh, agus cuardaídh in sna háiteannaibh leathana féachaint an bhfaigheadh sibh fear a dheineann breithiúntas agus a loirgeann creideamh, agus déanfad trócaire uirthi. 2 Agus bíodh go ndéarfaid siad: Mar is beó an Tiarna, tabharfaid siad san féin 'na dhearbhú éithigh. 3 A Thiarna, táid do shúile ag féachaint ar an bhfírinne. Do bhuailis iad agus níor tháinig dólás orthu. Do bhrúis iad agus do dhiúltaíodar don smacht a ghlacadh. Tá a n-aghaidh déanta níos crua acu ná an charraig agus dhiúltaíodar do chasadh. 4 Ach duartsa: B'fhéidir gur daoine bochta gan chiall iad so agus nách eól dóibh slí an Tiarna ná breithiúntas a nDia. 5 Raghad, dá bhrí sin, ag triall ar na daoine móra agus labharfad leó; óir tá aithne curtha acu san ar shlí an Tiarna, ar bhreithiúntas a nDia: agus féach tá an chuíng briste ar fad, agus na cuíbhreacha réabtha, acu san, níosa mhó. 6 Da bhrí sin, do mhairbh león as an gcoíll iad, dhein machtíre foghail um thráthnóna orthu. Tá león breac ag faire 'na gcathrachaibh. Aon duine do raghaidh amach as na cathrachaibh sin béarfar air óir táid a gcortha iomadaithe, táid a gceannaircí neartaithe.

7 Conas is féidir dom bheith trócaireach ortsa? Táid do chlann tar éis me ' thréigean, agus bíd siad ag dearbhú dar na nithe sin nách déithe. Do chothaíos iad go maith agus do dheineadar adhaltranas, agus bhídís rabairneach i dtigh na méirdrí. 8 Táid siad mar ' bheadh láracha fé eachmairt agus mar ' bheadh staileanna, gach éinne ag siotraigh i ndiaidh mná a chómharsan. 9 An amhlaidh ná tabharfad cuaird ar na nithibh sin, adeir an Tiarna? Agus an amhlaidh ná déanfaidh m'anam díoltas ar a leithéid de náisiún?

10 Téidh suas ar fhallaibh na cathrach san agus leagaidh iad, ach ná hídídh glan. Tógaidh chun siúil a géaga, óir ní leis an dTiarna iad. 11 Óir tá iomarbhas mór déanta im choinnibh ag teaghlach Israél agus ag teaghlach Iúda, adeir an Tiarna. 12 Do shéanadar an Tiarna agus dúradar: Ní hé é: agus ní thiocfaidh an t-olc orainn. Ní fheicfimíd an claíomh agus an gorta. 13 Do labhair na fáidhí sa ghaoith agus ní raibh aon bhriathar (ó Dhia) iontu. Tiocfaid na nithe seo orthu. 14 Dá bhrí sin, seo mar adeir Tiarna Dia na sló: Toisc gur labhrabhair an focal san, féach, déanfadsa mo bhréithre id bhéalsa ar nós tine agus an pobal so ar nós adhmaid, agus íosfaidh an tine iad. 15 Féach, tabharfad oraibh náisiún ón imigéin, a theaghlach Israél, adeir an Tiarna, náisiún láidir, náisiún ársa, náisiún ná beidh eólas ar a gcainnt agat, agus ná tuigfir cad 'déarfaid siad. 16 Uaigh ar leathadh is ea a dtaisce. Táid siad go leir cróga. 17 Agus íosfaid siad suas do chuid arbhar agus do chuid aráin. Íosfaid siad do chlann mhac agus do chlann iníon. Íosfaid siad do thréadta agus do bhuar. Íosfaid siad t'fhíonghuirt agus t'fhigí, agus ídeóid siad leis an gclaíomh do chathracha láidre as a bhfuil do mhuinín agat. 18 Mar sin féin, in sna laethibh sin, adeir an Tiarna, ní thabharfad íde ar fad oraibh amu' 's amach.

19 Agus má deireann sibhse: Cad ’na thaobh gur dhein ár dTiarna Dia na nithe seo go léir linn? Déarfair leó: Fé mar a thréigeabhair mise agus gur adhrabhair dia iasachta ’núr dtír féinig, sin mar a bheidh sibh ag adhradh déithe iasachta i dtír nách libh féinig. 20 Ínsidh an ní sin i dteaghlach Iácoib agus fógraidh é i Iúda, agus abraidh: 21 Cloisidh a dhaoine gan chiall agus gan tuiscint, a dhaoine go bhfuil súile agaibh agus ná feiceann: go bhfuil cluasa oraibh agus ná cloiseann. 22 An amhlaidh ná beidh eagla agaibh rómhamsa, ámh, adeir an Tiarna: agus an amhlaidh ná déanfaidh sibh aithrí os mo chómhair? Do chuireas an ghainimh mar theóra leis an bhfarraige, reacht shíoraí ná geóbhaidh sí tháirsi. Agus beid a tonnthacha dhá n-iomlasc féin agus ní bhuafaid siad. Beid siad ag borradh agus ní raghaid siad thar an dteórainn. 23 Ach tá croí an phobail seo ’na chroi dhúr gan creideamh, ag gríosadh. Do dhiúltaíodar agus táid siad imithe chun siúil. 24 Agus ní dúradar ’na gcroí: Bíodh eagla againn roimh ár dTiarna Dia ó is é a thugann dúinn an fheartainn luath agus an fhearthainn dheirineach ’na n-am féinig: agus a shábhálann dúinn iomláine an fhómhair gach bliain.

25 Táid úr mallaitheachtaí tar éis na nithe sin a dh’iompáil uaibh, agus táid úr bpeacaí tar éis nithe fónta do chimeád uaibh. 26 Óir tá le fáil i measc mo dhaoinese fir mhallaithe a bhíonn ’na luí ag faire ar nós fiagaithe, ag cur gaistí agus inneall chun bertha ar dhaoinibh. 27 Mar a bhíonn líon lán d’éanaibh is ea ’ bhíd a dtithe lán de cheilg: mar gheall air sin, bíd siad mór agus saibhir. 28 Táid siad beathaithe agus saíll orthu, agus tá gofa thar mo bhréithribh acu go rómhallaithe. Níor thugadar breith i gcúis na bainntrí, níor stiúraíodar cúis an dílleachtaí. Níor bhreithníodar breith na mbocht. 29 An amhlaidh ná tabharfadsa cuaird ar na nithibh sin, adeir an Tiarna? Nú an amhlaidh ná déanfaidh m’anam dioltas ar náisiún den tsórd san?

30 Táid nithe iúntacha, uathásacha, déanta sa tír. 31 Na fáidhí ag fáidheadóireacht éithigh, na sagairt ag bualach bas dhá moladh, agus do thug mo phobal taithneamh do nithibh den tsórd san: Cad ’tá le déanamh, dá bhrí sin, i gcrích na hoibre sin?

**Caib. a Sé**

*Na huilc atá os cionn Ierúsalem. Iarrthar uirthi casadh agus siúl sa tslí fhónta, agus gan muinín a bheith aici a híbirtíbh gan úmhlaíocht.*

1 Neartaídh sibh féin, a mhaca Bheniamin, i lár Ierúsalem, agus séididh an trúmpa i dTecua agus cuiridh suas an bratach i mBetacarem: óir chítear olc as an dtuaisceart, agus íde mhór. 2 Dheineas iníon Shíoin do shamhlú le mnaoi álainn leice: 3 tiocfaid na haeirí chúithi lena dtréadaibh: táid a gcábáin curtha suas acu ’na coinnibh mórthímpall: beidh gach éinne dhá gcothú san atá féna láimh. 4 Ollmhaídh cogadh ’na coinnibh: éirídh agus téimís suas i lár an lae: mairg dúinn, óir tá an lá tar éis claonadh, mar táid scáileanna an tráthnóna tar éis dul i bhfaid. 5 Éirídh agus téimís suas san oíche, agus réabaimís a tithe. 6 Óir seo mar adeir Tiarna na sló: Gearraidh ar lár a craínn: cuiridh claí suas tímpall ar Ierúsalem. Sid í an chathair ar a bhfuil cuaird le tabhairt. Tá an uile éagóir ’na lár. 7 Fé mar ’ fhuarann umar an t-uisce a bhíonn ann, sin mar atá sise tar éis a mallaitheachta ’ dh’fhuaradh. Aireófar inti éigean agus foghail. Tá lagachar agus bualadh os mo chómhair i gcónaí. 8 Glac teagasc, a Ierúsalem, sara n-imeódh m’anam uait, sara ndéanfainn uaigneach thu, id thír gan lucht cónaithe. 9 Seo mar adeir Tiarna na sló: Baileóid siad iarsma Israél, mar a deintear sa bhfíniúin, go dtí an chrobhaing dheirineach féin: iompaigh siar do lámh chun an chiseáin, ar nós an té ’ bhailíonn na caora.

10 Cé leis go labharfad? Nú cé leis go ndéanfad fianaise, i dtreó go gcloisfidh sé? Féach, táid a gcluasa gan tímpallghearradh, agus ní fhéadaid siad cloisint: féach, tá briathar an Tiarna ’na mhasla

dhóibh agus ní ghlacfaid siad é. 11 Uime sin táim lán d'oirbhíre an Tiarna. táim tuirseach de bheith ag staonadh. Scaoil amach é ar an leanbh amu', agus ar chómhairle na bhfear óg in éineacht: óir tógfar an fear agus an bhean, an seanóir agus an té atá lán de laethibh, 12 agus tabharfar do dhaoinibh eile a dtithe, agus a dtalúintí agus a mná in éineacht: óir sínfeadsa amach mo lámh ar lucht cónaithe na tíre, adeir an Tiarna. 13 Mar, ón té is lú dhíobh go dtí an té is mó, táid siad go léir tugtha don tsainnt, agus ón bhfáidh go dtí an sagart, táid siad go léir ciontach i bhfeall. 14 Agus do leighsidís gortú iníne mo phobail go náireach, nuair adeiridís: síocháin, síocháin: agus gan aon tsíocháin ann. 15 Bhíodh náire orthu nuair a dheinidís gráinniúlacht; ní hea ach ní bhíodh náire orthu, mar ní raibh ' fhios acu conas lasadh le náire. Mar gheall air sin titfid siad i measc na muíntire a thitfidh: i dtráth a gcuarda titfid siad ar lár, adeir an Tiarna.

16 Seo mar adeir an Tiarna: Seasaídh in sna slitibh agus féachaidh, agus fiafraídh (ca bhfuil) na seanashlite, ceocu an tslí fhónta, agus siúlaídh inti, agus gheóbhaidh sibh fionnuaradh dúr n-anamnachaibh. Agus dúradar: Ní shiúlóimíd. 17 Agus do cheapas-sa lucht faire os úr gcionn, agus duart: Éistidh le fuaim an trúmpa, agus dúradar: Ní éistfimíd. 18 Dá bhrí sin, cloisidh, a gheinte, agus bíodh ' fhios agatsa, a phobal, cad iad na nithe móra a dhéanfadsa leó san. 19 Clois, a thalamh: Féach, tabharfadsa uilc ar an bpobal san, toradh a smaointe féinig: toisc nár éisteadar lem bréithribh, agus gur theilgeadar uathu mo dhlí. 20 Cad chuige go dtugann sibh chúm túis ó Shaba agus an cána cúmhartha ó thír i gcéin. Ní thaithnid úr *holocauistí* liom, agus ní chuirid úr n-íbirtí áthas orm. 21 Dá bhrí sin, seo mar adeir an Tiarna: Féách, tabharfadsa ar an bpobal san íde lena dtitfid aithreacha, agus maca in éineacht, lena n-éagfaidh cómharsa agus gaol.

22 Sid é adeir an Tiarna: Féach tá pobal ag teacht ó thalamh an tuaiscirt, agus éireóidh náisiún mór suas ó imeallaibh an tsaeil. 23 Béarfaid siad ar shaíghead agus ar scéith. Táid siad cruaidh agus ní thaispeánfaid siad aon trua. Beidh a nglór ag búirthigh ar nós na farraige. Agus raghaid siad ar muin eachra, 'na bhfearaibh ollmha chun cogaidh id choinnibhse a iníon Shíoin. 24 D'airíomair trácht orthu. Táid ár lámha ag lagú. Tá greim ag doghrainn orainn ar nós mná seólta. 25 Ná téidh amach in sna páirceannaibh, agus ná bídh ag siúl ar a an mbóthar mór, óir tá claíomh an namhad agus eagla ar an uile thaobh. 26 Crioslaigh thu féin le héadach ruainnigh, a iníon mo phobail, agus croith luaith ort féin. Dein duit féin buairt mar a déanfí ar son aon-mhic, agus gol nímhneach, mar tiocfaidh an scriostóir orainn go hobann.

27 Taoi curtha agam id thástálaí láidir i measc mo dhaoine, agus aithneóir a slí agus tástálfair é. 28 Táid na priúnsaí sin go léir ag imeacht as an slí, ag siúl go cealgach. Prás agus iarann is ea iad. Táid siad go léir cuirpe. 29 Tá caillte ag na builg. Tá an luaidhe dóite sa tine. Tá leaghadh in aistear déanta ag an bhfear leaghadh, óir níor dódh a ngníomhartha mallaithe sin. 30 Tabhair mar ainm orthu airgead diúltaithe, óir tá diúltaithe ag an dTiarna dhóibh.

## Caib. a Seacht

*Ní dhéanfaidh teampall Dé cosnamh ar phobal pheacúil gan aithrí dhílis. Ní ghlacfaidh an Tiarna guí an fháidh ar a son, toisc iad a bheith ceanntréan 'na bpeacaíbh.*

1 An briathar a tháinig cun Ieremiais ón dTiarna, dhá rá: 2 Seasaimh i ngeata tí an Tiarna, agus fógair an focal so, agus abair: Éistidh le briathar an Tiarna, a fheara uile Iúda a bhíonn ag dul na geataí seo isteach, ag adhradh an Tiarna. 3 Seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél. Deinidh úr slite agus úr ngníomhartha ' bheith go maith: agus déanfadsa cónaí agaibh san áit seo. 4 Ná bíodh iúntaoibh as na foclaibh éithigh adeir: Teampall an Tiarna, teampall an Tiarna, is é teampall an

Tiarna é. 5 Óir má chuireann sibh in órdú go maith úr slite agus úr ngníomhartha: má dheineann sibh breithiúntas idir dhuine agus a chómharsa*, 6 agus gan éagóir a dhéanamh ar an nduine iasachta, ná ar an ndílleachtaí, ná ar an mbainntrigh, agus gan fuil neamhchiontach do dhortadh san áit seo, agus ná siúlóidh sibh i ndiaidh déithe iasachta chun dochair díbh féin, 7 déanfadsa cónaí ’núr bhfochair san áit seo, sa talamh a thugas dúr n-aithreachaibh ó thosach agus as so amach go deó.

8 Féach bíonn úr muinín agaibhse a bréithribh éithigh ná déanfaidh tairbhe dhíbh: 9 chun bheith ag guid, chun bheith ag marú, chun bheith ag déanamh adhaltranais, agus ag dearbhú an éithigh, agus ag ofráil chun Baalim, agus ag dul i ndiaidh déithe iasachta ná fuil aithne agaibh orthu. 10 Agus do thánabhair agus do sheasabhair os mo chómhair sa tigh seo ’na nglaeitear ar m’ainm, agus dúrabhair: Táimíd fuascalta toisc gur dheineamair na gráinniúlachtaí sin go léir. 11 An amhlaidh atá an tigh seo ’na phluais bithiúnach dar libh, an tigh seo gur glaodh ar m’ainm ann? 12 Imídh go dtí m’áit i Silo, mar ar chónaigh m’ainm ó thosach, agus féachaidh cad a dheineas leis an áit sin mar gheall ar mhallaitheacht mo phobail Israél. 13 Agus anois, toisc gur dheineabhairse na hoibreacha so go léir, adeir an Tiarna, agus go bhfuil labhartha agam libh, ag éirí go moch agus ag labhairt, agus nár éisteabhair liom: agus gur ghlaos oraibh agus nár fhreagrabhair: 14 déanfadsa leis an dtigh seo go nglaeitear ar m’ainm ann, agus go bhfuil úr muinín agaibhse as, agus leis an áit a thugas díbhse agus dúr n-aithreachaibh, fé mar a dheineas le Silo, 15 agus teilgfead uaim sibh, ó bheith os mo chómhair, fé mar a theilgeas uaim úr mbráithre, síol Ephraim go léir.

16 Dá bhrí sin, ná bíse ag guí ar an bpobal so, agus ná tóg chút moladh ná ímpí ar a son: agus ná bí ag cur im choinnibh, mar ní éistfead leat. 17 Ná feiceann tú cad a bhíonn acu san á dhéanamh i gcathrachaibh Iúda agus i sráidibh Ierúsalem? 18 Na leanbaí ag bailiú adhmaid, agus na haithreacha ag adú tine, agus na mná ag fuineadh taoise, ag déaneamh cístí chun bannríne na spéire[1], ag ofráil dortadh dí chun déithe iasachta, chun mise do ghríosadh chun feirge? 19 An amhlaidh a ghríosaid siad mise chun feirge? Nách amhlaidh atáid siad ag tabhairt náire dhóibh féin? 20 Dá bhrí sin seo mar adeir an Tiarna Dia: Féach tá m’fhearg agus m’fhíoch ar dearglasadh in aghaidh na háite seo, agus in aghaidh na ndaoine agus na mbeithíoch, agus in aghaidh na gcrann atá san áit, agus in aghaidh torthaí na talún, agus beidh m’fhearg ag loscadh agus ní múchfar í.

21 Seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Cuiridh úr n-ofrálacha loiscithe i dteannta úr n-íbirtí, agus ithidh an fheóil. 22 Óir níor labhras-sa lenúr n-aithreachaibh, ná níor thugas órdú dhóibh[2], an lá ’ thugas amach iad a tír na hÉigipte, i dtaobh cad a bhain le hofrálachaibh loiscithe agus le híbirtíbh. 23 Ach d’órdaíos an ní seo dhóibh, agus duart leó: Éistidh lem ghlór, agus bead im Dhia agaibh, agus beidh sibh ’núr bpobal agam: agus siúlaídh sa tslí go léir atá órdaithe agam díbh, i dtreó go mbeidh an scéal go maith agaibh. 24 Ach níor éisteadar liom ná níor chromadar cluas chúm, ach do shiúlaíodar ’na dtoil féinig, agus i dtuathal a gcroí mhallaithe: agus is i ndiaidh a gcúil a bhíodar ag dul agus ní har aghaidh, 25 ón lá a tháinig a n-aithreacha amach a talamh na hÉigipte go dtí an lá so. Agus bhínn ag cur mo sheirbhíseach uile, na fáidhí, ag triall oraibh ó lá go lá, ag éirí go moch agus dhá gcur uaim. 26 Agus níor éisteadar liom ná níor chromadar cluas chúm: ach do chruadar a muineál agus dheineadar rud ba mheasa ná mar a dhein a n-aithreacha. 27 Abus labharfair leó na bréithre sin go léir, ach ní éistfid siad leat: agus beir ag glaoch orthu ach* ní

1 Caib. 7. véar. 18. “*Bannríon na spéire*”, .i. an ghealach, d’adhraidís an ghealach fén ainm sin.

2 Véár. 22. “*Nár órdaíos dóibh*”. .i. an saghas íbirtí d’ofráladh na Giúdaígh an uair sin, gan úmhlaíocht: óir is í an úmhlaíocht an ní ba mhó le rá dá n-órdaítí dhóibh. I gcúmparáid leis an úmhlaíocht ba neamhní *holocauistí* agus íbirtí.

thabharfaid siad freagra ort. 28 Agus déarfair leó: Seo náisiún nár éist le guth a dTiarna Dia, agus nár ghlac teagasc: tá creideamh caillte, agus tá sé tógtha chun siúil as a mbéal.

29 Beárr díot do ghruaig agus caith uait í, agus tóg suas caoineadh go hárd: óir do chaith an Tiarna uaidh agus do thréig sé an tsliocht ar a bhfuil a dhíbheirg. 30 Óir tá olc déanta os cómhair mo shúil ag claínn Iúda, adeir an Tiarna. Táid a ngráinniúlachtaí curtha isteach acu sa tigh ’na bhfuil m’ainm dá ghlaoch ann, chun é ’ thruailliú. 31 Agus táid áiteanna árda Tophet, gleann mhic Enoim*, curtha suas acu chun a gclann mhac agus a gclann iníon do dhó sa tine, rud nár órdaíos dóibh agus nár cuímhníos im chroí air. 32 Dá bhrí sin, féach, tiocfaid na laethanta, adeir an Tiarna, agus ní tabharfar air feasta Tophet, ná gleann mhic Enoim: ach gleann an éirligh; agus beid siad ag adhlacadh i dTophet toisc gan aon tslí a bheith (nú, le heaspa slí), 33 agus beid cuirp an phobail seo ’na mbia ag éanlaithibh an aeir acu ag beithígh na talún, agus ní bheidh duine chun iad do ruagadh chun siúil. 34 Agus cuirfeadsa stad, i gcathrachaibh Iúda agus i sráidibh Ierúsalem, le guth an áthais agus le guth an aoibhnis, agus le guth an nuachair, agus le guth na céile: óir beidh an tír ’na huaigneas.

**Caib. a hOcht**

*Uilc eile le titim ar na Giúdaígh mar gheall ar a neamhaithrí.*

1 San am san, adeir an Tiarna, caithfid siad amach cnámha ríthe Iúda, agus cnámha priúnsaí Iúda, agus cnámha na sagart, agus cnámha na bhfáidhí, agus cnámha lucht cónaithe Ierúsalem, amach as a n-uaghannaibh. 2 Ach leathfaid siad amu’ fén ngréin iad, agus fén ngealaigh, agus fé mhórshlua uile na spéire, dár thugadar grá, agus gur dheineadar seirbhís dóibh, agus gurbh iad a leanadar, agus do loirgeadar, agus d’adhradar agus ní baileófar na cnámha san, agus ní adhlacfar* iad: beid siad mar ’ bheadh aoileach ar uachtar na talún. 3 Agus ní beatha, ach is bás, do thoghfaidh a mbeidh fágtha den chine mhallaithe seo, in sna háiteannaibh uile atá fágtha, chun a bhfuilid siad caite amach agamsa, adeir Tiarna na sló.

4 Agus déarfair leó: Seo mar adeir an Tiarna: An té a thitfidh an amhlaidh ná héireóidh sé arís? Agus an té atá iompaithe (uait) ná hiompóidh sé thar n-ais? 5 Cad ’na thaobh, dá bhrí sin, go bhfuil an pobal san Ierúsalem iompaithe (uaim) chómh stuacach agus chómh himreasanach? Tá greim bertha acu ar éitheach agus dhiúltaíodar do chasadh. 6 Thugas aire, agus thugas cluas. Ní labhrann aon duine an rud is maith. Níl éinne a dheineann aithrí ’na pheaca, dhá rá: Cad ’tá déanta agam? Táid siad go léir iompaithe chun a gcuarda féinig, ar nós an eich ag rith chun an chatha. 7 Aithníonn an cromán san aer a ham féinig, an turtar, agus an áinle agus an chorr, tugaid siad aire dá n-am chun teacht, ach ní aithníd mo phobalsa breithiúntas an Tiarna. 8 Conas adeireann sibh: Táimíd eagnaí agus tá dlí an Tiarna againn? Go deimhin tá éitheach déanta ag peann bréagach na scríbhneóirí. 9 Tá mearaí ar an lucht eagna, tá alltacht orthu, óir tá briathar an Tiarna caite uathu acu agus níl aon eagna iontu. 10 Dá bhrí sin tabharfadsa a mná d’eachtrannaibh, a bpáirceanna do dhaoinibh eile in oidhreacht. Óir, ón té is lú go dtí an té is mó, táid siad go léir i ndiaidh na sainnte: ón bhfáidh go dtí an sagart féin, bíd siad go léir ag déanamh an fhíll. 11 Agus do chneasaídís gortú iníne mo phobail, dhá rá: Síocháin, síocháin, agus gan aon tsíocháin ann. 12 Tá mearaí orthu óir do dheineadar gráinniúlacht: ní hea ach níl aon mhearaí orthu le náire, mar níl ’ fhios acu conas lasadh le náire. Dá bhrí sin titfid siad i measc na ndaoine a thitfidh: titfid siad i dtráth a gcuarda, adeir an Tiarna.

13 Déanfadsa iad a bhailiú i dteannta ’ chéile, adeir an Tiarna. Níl aon chaor ar na fíniúnaibh, agus níl figí ar an gcrann figí. Tá an bhileóg tar éis titim, agus thugas dóibh na nithe atá imithe chun siúil.

14 Cad chuige dhúinn bheith 'nár suí. Cruinnídh sibh féin agus téimís isteach sa chathair dhaingean, agus bímís ciúin san áit sin: óir tá ár dTiarna Dia tar éis sinn a chur chun ciúnais agus tar éis uisce domlais a thabhairt le n-ól dúinn óir tá an peaca déanta againn in aghaidh an Tiarna. 15 Bhí súil le síocháin againn agus níor tháinig aon mhaith; le cneasú, agus féach an t-eagla. 16 Do hairíodh fuaim a eachra ó Dhan. Bhí an saol go léir dá shuathadh le siotrach a laochra: agus do thánadar agus do shloigeadar an tír agus a raibh ann, agus an chathair agus a lucht cónaithe. 17 Óir féach cuirfeadsa isteach 'núr measc aithreacha nímhe, *basilisci*, ná fuil aon artha 'na gcoinnibh, agus beid siad ag breith oraibh, adeir an Tiarna.

18 Tá mo dhólás os cionn dóláis. Tá mo chroí ag caoineadh istigh ionam. 19 Féach glór iníne mo phobail ó thír i gcéin: ná fuil an Tiarna i Síon, nú ná fuil a rí inti? Cad chuige, mar sin, gur ghríosadar chun feirge me lena n-íodalaibh, agus lena mbaoisibh iasachta? 20 Tá an fómhar imithe, tá an samhradh críochnaithe, agus nílimídne sábhálta, 21 Trí dhoghrainn iníne mo phobail tá doghrainn ormsa, agus dólás, agus tá greim bertha ag uathás orm. 22 An amhlaidh ná fuil *balsam* i nGalaad? Nú an amhlaidh ná fuil aon liag ann? Cad 'na thaobh, más ea, go bhfuil cneadh iníne mo phobail gan dúnadh?

**Caib. a Naoi**

*An fáidh ag caoineadh cruatan a dhaoine; agus ag caoineadh a bpeacaí, ós iad fé ndeár an cruatan. É dhá gcómhairliú chun aithrí.*

1 Cé ' thabharfaidh uisce dom cheann agus[*] tobar deór dom shúilibh? Agus bead ag gol de ló agus d'oíche mar gheall ar a bhfuil marbh d'inín mo phobail. 2 Cé ' thabharfaidh dom sa bhfiantas aíocht lucht taistil slí, agus scarfad lem dhaoine agus imeód uathu? Óir is lucht adhaltranais iad go léir, is slua lucht iomarbhais iad. 3 Agus tá a dteanga lúbtha acu, mar ' bheadh bogha, chun éithigh, agus ní chun fírinne é. Táid siad tar éis iad féin do neartú ar an saol, óir táid siad tar éis dul ó olc go dtí olc eile, agus níl aithne curtha acu ormsa, adeir an Tiarna. 4 Bíodh gach duine dhá sheachaint féin ar a chómharsain, agus ná bíodh iúntaoibh aige as aon driotháir leis, óir déanfaidh gach driotháir sárú beacht, agus beidh gach cara ag siúl i gceilg. 5 Agus beidh duine ag magadh féna dhriotháir, agus ní labharfaid siad an fírinne. Óir tá a dteanga múinte acu chun an éithigh do labhairt. Tá dua fálta acu chun an uilc a dhéanamh. 6 Tá do chónaí i lár ceilge: trí cheilg is ea atá diúltaithe acu d'aithne ' chur ormsa, adeir an Tiarna. 7 Dá bhrí sin seo mar adeir Tiarna na sló: féach, leighfead iad agus trialfad iad: óir cad eile atá le déanamh agam os cómhair iníne mo phobail? 8 Saíghead ghunta is ea a dteanga, tá an cheilg labhartha aici. Labhrann duine síocháin lena chómharsain, as a bhéal, agus luíonn sé ag faire air i ganfhios do. 9 An amhlaidh ná tabharfad cuaird orthu mar gheall ar na nithibh sin, adeir an Tiarna? Nú an amhlaidh ná déanfaidh m'anam díoltas ar a leithéid de náisiún?

10 Glacfad gol agus caoineadh ar son na sliabh, agus caoineadh ar son áiteanna breátha an uaignis, óir táid siad dóite, toisc gan aon duine ' bheith ann a bheadh ag gabháil tríothu, agus níor chloiseadar guth sealbhadóra: ó éan an aeir go dtí an beithíoch, tá aistrithe acu agus táid siad imithe chun siúil. 11 Déanfadsa cruacha gainímhe de Ierúsalem, agus leapacha *dracon*, agus déanfad cathracha Iúda uaigneach trí easpa lucht cónaithe. 12 Cé hé an fear eagnaí do thuigfeadh an ní sin, agus go bhféadfadh briathar béil an Tiarna teacht chuige, i dtreo go neósfadh sé an ní seo, cad fá go bhfuil an tír caillte, loiscithe ar nós fiantais ná gabhann éinne tríd? 13 Agus duairt an Tiarna: mar do thréigeadar mo dhlí, an dlí a thugas dóibh, agus níor éisteadar lem ghlór, agus níor shiúlaíodar ann. 14 Ach do leanadar tuathal a gcroí féin, agus do leanadar Baalim, an rud a mhúineadar a n-aithreacha dhóibh. 15 Uime sin seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Féach, biathódsa an pobal

san le borramótar, agus tabharfad uisce domlais le n-ól dóibh, 16 agus scaipfead i measc geinte iad
nár chuir a n-aithreacha aithne orthu: agus cuirfead an claíomh ’na ndiaidh go dtí go mbeid siad
ídithe.

17 Seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Breithnídh agus glaeidh ar na mnáibh caointe, agus
tagaidís, agus cuiridh scéala chúthu san is mná eólais ann, agus brostaídís. 18 Brostaídís, agus bídís
ag caoineadh os ár gcionn: bíodh ár súile ag sileadh deór, agus bíodh fabhraí ár súl ag scéith
uisceacha. 19 Óir cloistear a Síon glór caointe. Cad é mar atáimíd scriosta agus curtha ar mearaí!
Mar táimíd imithe as an dtír agus táid ár dtithe ar lár. 20 Cloisidh, dá bhrí sin, a mhná, briathar an
Tiarna: agus glacadh úr gcluasa focal a bhéil: agus múinidh caoineadh dúr n-iníonachaibh, agus
bíodh gach bean ag múineadh buartha dá cómharsain: 21 óir tá bás tagaithe aníos trínár
bhfinneógaibh ag déanamh íde ar ár gclaínn ón dtaobh amu’ ar na fearaibh óga ó sna sráidibh.

22 Labhair: So mar adeir an Tiarna: Titfidh corp an duine ar uachtar na talún mar ’ bheadh aoileach,
agus mar ’ bheadh féar glas lastiar de dhrom an spealadóra, agus gan éinne chun é ’ bhailiú.

23 Seo mar adeir an Tiarna: Ná bíodh an fear eagnaí ag maíomh as a chuid eagna, agus ná bíodh an
fear láidir ag maíomh as a neart, agus ná bíodh an fear saibhir ag maíomh as a chuid saibhris.
24 Ach an té ’ dheineann maíomh bíodh sé ag maíomh as so: go dtuigeann sé mise agus go n-
aithníonn sé me, óir is me an Tiarna do dheineann trócaire agus breithiúntas agus ceart sa tsaol: óir
taithnid na nithe sin liom, adeir an Tiarna. 25 Féach, táid na laethanta ag teacht, adeir an Tiarna,
agus tabharfadsa cuaird ar an uile dhuine go bhfuil an forchroiceann tímpeallgheárrtha aige: 26 ar
an Éigipt, agus ar Iúda, agus ar Edom, agus ar chlaínn Ammoin, agus ar Mhoab, agus orthu san go
léir go bhfuil a ngruaig beárrtha tímpallach acu, agus a chónaíonn san uaigneas: óir táid na geinte go
léir gan tímpallghearradh sa bhfeóil, ach tá teaghlach Israél go léir gan tímpallghearradh sa chroí.

**Caib. a Deich**

*Ní roim réiltíníbh ná roim íodalaibh is ceart eagla ’ bheith , ach roimis an té ’ chruthaigh an uile ní.**

1 Cloisidh an focal atá labhartha ag an dTiarna ’núr dtaobh, a theaghlach Israél. 2 Seo mar adeir an
Tiarna: Ná bí ag foghlaim de réir slite na nGeinte: agus ná bíodh eagla agat roim chómharthaíbh na
spéir mar a bhíonn ag na geintibh. 3 Óir is baoth iad dlithe na ndaoine: óir do gheárr saothar lámha
an cheárdaí crann as an gcoíll le tuaigh. 4 Do chuir sé le chéile é le tarainníbh agus le casúraibh i
dtreó ná titfeadh sé as a chéile. 5 Táid siad cúmtha i gcosúlacht an chraínn failme, agus ní labharfaid
siad, ní foláir iad d’iompar chun iad d’aistriú mar ní féidir dóibh siúl. Ná bíodh, dá bhrí sin, eagla
agaibh rómpu san, mar ní féidir dóibh olc ná maith do dhéanamh.

6 Níl éinne mar thusa, a Thiarna. Taoi mór agus is mór é t’ainm i gcómhacht. 7 Cé aige ná beidh
eagla rómhatsa, a rí na náisiún? Óir is leatsa an ghlóire i measc lucht eagna uile na náisiún, agus ’na
ríocht go léir, níl éinne cosmhail leatsa. 8 Déanfar iad go léir amach éigiallaí agus amadánta. Níl i
dteagasc a mbaoise ach adhmad. 9 Tugtar airgead leata ’na phlátaíbh ó Thársis, agus ór ó Óphas,
obair an cheárdaí agus obair lámha an ghabha: sailchuach agus corcar ’na n-éadach. Obair lucht
ceárd na rudaí sin go léir. 10 Ach is é an Tiarna is Dia fíor ann. Is é is Dia beó ann, agus is Rí síoraí
ann. Beidh an saol ag crith roimen’ fheirg, agus ní fhéadfaid na náisiúin a bhagairt do sheasamh.

11 Seo mar adéárfaidh sibh leó: Na déithe nár dhein neamh agus talamh ídítear den talamh iad, agus as na háiteannaibh seo atá fé neamh! 12 An té a dheineann an domhan lena chómhacht, agus d'ollmhaíonn an saol len' eagna, agus do leathann na spéartha amach len' eólas. 13 Lena ghlór tugann sé iomad uisceacha sa spéir, agus árdaíonn sé suas na scamaill ó imeallaibh an domhain. Deineann sé na splanncracha chun fearthana, agus tugann sé an ghaoth amach as a stórasaibh. 14 Tá gach duine in' amadán, i dtaobh eólais. Tá gach ceárdaí ar mearaí i dtaobh a (rudaí) snoite, óir rudaí bréagacha is ea na rudaí a theilg sé agus níl aon sprid iontu. 15 Nithe baotha is ea iad, obair chun scigireachta is ea iad. Raghaidh siad ar neamhní i dtráth a gcuarda. 16 Ní mar iad san atá cuid Iácoib, óir is é sin an té do chúm gach uile ní, agus is é Israél slat a oidhreachta. Tiarna na sló is ainm do.

17 Bailigh suas do náire as an dtír, thusa at id chónaí in imdhruidim, 18 óir seo mar adeir an Tiarna: Féach, caithfead amach, i bhfad uaim, an uair seo, lucht áitribh na tíre, agus cuirfead cruatan orthu i dtreó go bhfaighfar iad. 19 Is mairg dómhsa mar gheall ar m'íde, óir tá mo chneadh go hana-léanmhar. Ach duart: gan amhras is liom féin an t-olc so agus fuiliceód é. 20 Tá mo thaibearnacal réabtha, táid mo théada go léir briste, táid mo chlann imithe uaim amach agus nílid siad ar bith. Níl éinne chun mo chábáin do leathadh amach a thuilleadh agus chun mo chruitíní go chur suas. 21 Óir do dhein na haeirí go hamadánta*, agus níor loirgeadar an Tianrna. Dá bhrí sin níor thuigeadar agus táid a dtréad go léir scaipithe. 22 Féach tá fuaim fothraim ag teacht, agus buaireamh mór ó thír an tuaiscirt: chun aignis a dhéanamh de chathrachaibh Iúda, agus cónaí do *dhraconaibh*.

23 Is eól dom, a Thiarna, nách leis an nduine a shlí féinig[1]: agus níl sé sa duine siúl agus a chéimeanna do stiúrú. 24 Smachtaigh me, a Thiarna, ach fós le breithiúntas: agus ná dein é it fheirg sara gcurfá ar neamhní me. 25 Scaoil amach t'oirbhíre ar na geintibh nár chuir aithne ort, agus ar na cúigíbh nár ghlaeigh ar t'ainm, óir d'itheadar suas Iácob, agus do shloigeadar é, agus d'ídíodar é, agus do loiteadar a ghlóire.

## Caib. a hAondéag

*An fáidh ag fógairt connartha Dé agus ag bagairt olc ar lucht na connartha san do bhriseadh go ceanntréan. Cómhcheilg na nGiúdach 'na choinnibh, mar fhigiúir ar an gcómhcheilg a deineadh 'na dhiaidh san in aghaidh Chríost.*

1 An briathar a tháinig ón dTiarna chun Ieremiais, dhá rá: 2 éistidh le foclaibh na connartha so, agus labhraidh le fearaibh Iúda agus le lucht cónaithe Ierúsalem. 3 Agus déarfair leó: seo mar adeir an Tiarna, Dia Israél: Mallacht ar an bhfear ná héistidh le foclaibh na connartha so 4 a dh'órdaíos-sa dúr n-aithreachaibh nuair a thugas amach iad a talamh na hÉigipte, as an bhfúirnéis iarainn, dhá rá leó: Éistidh lem ghlór, agus deinidh gach ní atá agam á órdú dhíbh agus beidh sibh 'núr bpobal agam, agus beadsa im Dhia agaibhse, 5 i dtreó go gcómhlíonfad an dearbhú a dheineas lenúr n-aithreachaibh, do dtabharfainn dóibh tír a bheadh ag scéith bainne agus meala, mar at an lá so. Agus d'fhreagras agus duart: Amen a Thiarna, 6 agus duairt an Tiarna liom: Fógair go hárd na focail seo go léir i gcathrachaibh Iúda agus i sráidibh Ierúsalem, agus abair: Éistidh le foclaibh na connartha agus deinidh iad: 7 óir do labhras go hárd lenúr n-aithreachaibh an lá a thugas amach iad a talamh na hÉigipte go dtí an lá so féin: d'éiríos go moch agus d'iarras orthu, agus duart: Éistidh lem ghlór:

1 Caib. 10. véar. 23. "*Nách leis an nduine a shlí féinig*". Sid í an chiall. Bíodh go bhfuil saorthoil ag an nduine ní féidir do aon mhaith a dhéanamh gan chúnamh ó Dhia, ná aon olc i gcoinnibh toile Dé. Agus mar sin na huilc go léir a bhí ag Nabuchodonosor le déanamh ar na Giúdaígh, ní fhéadfadh sé iad a dhéanamh mura mbeadh gur cheadaigh Dia iad.

8 agus níor dheineadar rud orm ná níor chromadar cluas chúm: ach do shiúladar gach duine acu i dtuathal a chroí mhallaithe féinig. Agus do thugas orthu bréithre uile na connartha so, na bréithre d'órdaíos dóibh a dhéanamh, ach níor dheineadar iad.

9 Agus duairt an Tiarna liom: Gheibhtear cómhcheilg i measc fear Iúda, agus i measc lucht cónaithe
Ierúsalem. 10 Tá iompaithe acu chun seanamhallaitheachtaí a n-athrach, na daoine do dhiúltaigh
dom bréithre do chloisint. I dtreó go bhfuilid siad so, leis, imithe i ndiaidh déithe iasachta, chun iad
d'fhriothálamh. Tá mo chonnradh curtha ar neamhní ag teaghlach Israél agus ag teaghlach Iúda, an
chonnradh a dheineas lena háithreachaibh. 11 Agus dá dheascaibh sin seo mar adeir an Tiarna:
Féach, tabharfadsa uilc isteach orthu agus ní bheidh ar a gcumas dul uathu, agus beid siad ag éamh
orm agus ní éistfead leó. 12 Agus imeóid cathracha Iúda agus lucht cónaithe Ierúsalem agus beid
siad ag éamh chun na ndéithe go mbíd siad ag déanamh íbirtí chúthu agus ní shábhálfaid siad iad i
dtráth a gcruatain. 13 Óir de réir uimhre do chathrach a bhíd do dhéithe, a Iúda, agus de réir uimhre
sráideanna Ierúsalem is ea 'chuiris suas altóracha mearaí, altóracha chun bheith ag ofráil íbirtí chun
Baalim. 14 Dá bhrí sin, ná bíse ag guí ar an bpobal san, agus ná dein moladh ná úrnaithe thar a
gceann. Óir ní éistfeadsa leó i dtráth a nglao orm, i dtráth a gcruatain.

15 Cad chuige gur dhein mo chara ionúin mórán mallaitheachta im thigh? An dtógfaidh an fheóil
bheannaithe uaitse na cortha go mbíthá ag maíomh astu? 16 Do ghlaeigh an Tiarna mar ainm ort
crann flúirseach ola, a bhí álainn torthúil breá. Le fothram focail do lasadh tine mhór ann, agus táid
a ghéaga dóite. 17 Agus tá olc labhartha id choinnibh ag Tiarna na sló a phlanndaigh thu, mar gheall
ar olcaibh teaghlaigh Israél agus teaghlaigh Iúda, na huilc atá déanta acu orthu féin, ag déanamh
íbirtí chun Baalim chun mise do ghríosadh

18 Ach do thaispeánais-se dhómhsa, a Thiarna, agus fuaras eólas. Ansan thaispeánais dom a
ngníomhartha, 19 agus bhíos im uan mhín a beirtear chun bheith 'na *victim*: agus ní raibh ' fhios
agam go raibh cómhairle beartaithe acu im choinnibh, dhá rá: Cuirimís adhmad 'na chuid aráin,
agus gearraimís amach é ó thalamh na mbeó, agus ná cuímhnítear a thuilleadh ar a ainm. 20 Ach
thusa, a Thiarna Sabóide[1], thusa a thugann breith cheart agus do thrialann croíthe agus áranna, go
bhfeicead do dhíoltas orthu: óir is duitse do nochtas mo chúis. 21 Dá dheascaibh sin seo mar adeir
an Tiarna le fearaibh Anatoit atá ar tí t'anamasa agus adeir: Ní dhéanfairse targaireacht in ainm an
Tiarna agus ní bhfaighir bás 'nár lámhaibhne. 22 Uime sin seo mar adeir Tiarna na sló: Féach,
tabharfadsa cuaird orthu san. Gheóbhaid a bhfir óga bás leis an gclaíomh, gheóbhaid a gclann mhac
agus a gclann iníon bás den ghorta, 23 agus ní bheidh aon iarsma dhíobh: óir tabharfadsa uilc
isteach ar fhearaibh Anatoit, i mbliain a gcuarda.

## Caib. a Dódhéag

*Ní leanfaidh séan i bhfad ar dhrochdhaoinibh. Léirscrios ar na Giúdaígh mar gheall ar a bpeacaíbh. A dteacht thar n-ais as an mbraighdineas.*

1 Is fíor go bhfuilirse ceart, a Thiarna, má dheinim díospóireacht leat. Ach mar sin féin labharfad an
ceart leat. Cad 'na thaobh go mbíonn an rath ar shlí drochdhaoine? Cad 'na thaobh go mbíonn an
scéal go maith acu san go léir a bhíonn ag iomarbhas agus ag déanamh an uilc? 2 Do phlanndaís iad
agus do phréamhaíodar. Bíonn an rath orthu agus tugaid siad toradh uathu. Taoise i ngar dá mbéal
agus i bhfad óna n-árannaibh. 3 Agus tá aithne, a Thiarna, agatsa ormsa. Do chonaicís me agus

1 Caib. 11. véar. 20. "*Sabóide*", .i. Tiarna na sló, nú armála, ainm a tugtar go minic ar Dhia in sna scriptiúraibh. —*Ibid*. "*Do dhíoltas*". Le cearat ínsint roim ré ab ea é sin ar a raibh le teacht orthu le toil Dé, agus niorbh eascaine é.

thrialais mo chroí it fhochair: cruinnigh iad i dteannta ’ chéile ar nós caeireach chun na híbirte. Ollmhaigh iad i gcómhair lae an éirligh. 4 Cad é an fhaid a bheidh an talamh i ndólás, agus luibh gach páirce ag feóchadh, mar gheall ar mhallaitheacht a lucht cónaithe? Tá íde ar na héanlaithibh agus ar na beithígh, toisc go ndúradar: Ní fheicfidh sé ár gcríochne. 5 Má bhí tuirse ort ó bheith ag rith le cuisithibh, conas a fhéadfair iomaidh a dhéanamh le capaillibh? Agus má bhís ar do shuaimhneas i dtír shíochánta cad a dhéanfair, nuair ’ éireóidh an Iordan? 6 Óir táid do bhráithre féin, teaghlach t’athar, táid siad san féin tar éis bheith ag troid it choinnibh, agus ag liúirigh it dhiaidh go hárd: nuair a labharfaid siad nithe fónta leat ná creid iad.

7 D’fhágas mo thigh féin, d’imíos ó m’oidhreacht. Thugas m’anam ionúin isteach i láimh a namhad.
8 Tá m’oidhreacht iompaithe amach dom mar ’ bheadh león sa choíll. Bhí sí ag liúirigh im choinnibh agus dá dheascaibh sin thugas fuath dhi. 9 An bhfuil m’oidhreacht mar ’ bheadh éan breac dom? An bhfuil sí mar a bheadh éan dathaithe ar fad? Téanaídh, cruinnídh sibh féin a bheithíocha uile an domhain, brostaídh agus bídh ag slogadh. 10 Tá iomad aeirí tar éis m’fhíonghuirt do lot. Tá gofa de chosaibh acu im chuid. Tá mo chuid álainn in’ fhiantas uaigneach acu. 11 Tá sé scriosta acu, agus é ag caoineadh ar mo shonsa. Le huaigneas atá uaigneas déanta den talamh go léir: mar níl éinne a dheineann breithniú sa chroí. 12 Táid na foghlaithe ar shlitibh uile an fhiantais, óir beidh claíomh an Tiarna ag slogadh ó cheann den tír go dtí an ceann eile dhe. Níl aon tsíocháin do gach uile fheóil. 13 Do chuireadar cruithneacht agus do bhaineadar deilgne. Tá oidhreacht fachta acu agus ní dhéanfaidh an oidhreacht aon tairbhe dhóibh. Beidh náire oraibh mar gheall ar úr dtorthaíbh trí oirbhíre an Tiarna. 14 Seo mar adeir an Tiarna in aghaidh mo chómharsan mhallaithe go léir a bhaineann leis an oidhreacht do roinneas-sa amach chun mo phobail Israél. Féach, staithfead iad amach as a dtalamh, agus staithfead teaghlach Israél amach as a lár. 15 Agus nuair a bheid siad staite amach agam iompód thar n-ais agus déanfad trócaire orthu, agus tabharfad thar n-ais iad, gach fear chun a oidhreachta, agus gach fear chun a thalún. 16 Agus titfidh amach, má ghlacaid siad teagasc, agus má fhoghlamaíd siad slite mo dhaoine, dearbhú dar m’ainm: Mar is beó an Tiarna, fé mar a mhúineadar san dom dhaoine dearbhú dar Baal, go gcurfar suas iad i lár mo dhaoine. 17 Ach mura gcloisid siad, staithfead amach ar fad agus ídeód an náisiún san, adeir an Tiarna.

**Caib. a Trídéag**

*I samhaltas creasa línéadaigh ínstear roim ré íde na nGiúdach. A seasmhacht in sna peacaíbh ag tabhairt gach sórd doghrainne orthu.*

1 Seo mar adeir an Tiarna liom: Imigh agus aimsigh crios línéadaigh, agus cuirfir fan chuím ort é, agus ní chuirfir in uisce é. 2 Agus d’aimsíos crios de réir focail an Tiarna agus chuireas fan chuím orm é. 3 Agus tháinig focal an Tiarna chúm an tarna huair agus duairt sé: 4 Tóg leat an crios atá agat, atá fan chuím ort, agus éirigh agus imigh go dtí an Iúphrátes, agus cuir i bhfolach san áit sin é i bpoll na carraige. 5 Agus d’imíos agus chuireas i bhfolach é, in aice an Iúphrátes, fé mar a dh’órdaigh an Tiarna dhom. 6 Agus do thit amach tar éis mórán laethanta, go nduairt an Tiarna liom: Éirigh agus imigh go dtí an Iúphrátes, agus tóg as san an crios úd aduart leat a chur i bhfolach ann. 7 Agus d’imíos go dtí an Iúphrátes agus do rómhras, agus do thógas an crios, agus féach, bhí an crios lofa, i dtreó ná raibh sé oiriúnach chun aon úsáide.

8 Agus tháinig briathar an Tiarna chúm agus duairt sé: 9 Seo mar adeir an Tiarna: Ar an gcuma san is ea ’ chuirfeadsa ’ fhéachaint ar uabhar Iúda agus ar uabhar mhór Ierúsalem lobhadh. 10 An pobal mallaithe sin ná cloiseann mo bhréithre, agus atá ag siúl i dtuathal a gcroí féinig, agus atá imithe i

ndiaidh déithe iasachta, ag friothálamh orthu agus dhá n-adhradh: agus beid siad ar nós an chreasa san ná fuil oiriúnach chun aon úsáide. 11 Óir, fé mar a bhíonn an crios dlúite le cúm an duine sin mar a dhlúthaíos-sa liom féin teaghlach uile Israél agus teaghlach uile Iúda, adeir an Tiarna: i dtreó go mbeidís ’na bpobal agam, agus ’na n-ainm, agus ’na moladh, agus ’na nglóire: ach ní éistfidís liom.

12 Déarfairse leó, dá bhrí sin, an chainnt seo: Seo mar adeir an Tiarna, Dia Israél: líonfar gach buidéal d’fhíon. Agus déarfaid siad leat: Ná fuil ’ fhios againn go líonfar gach buidéal d’fhíon? 13 Agus déarfairse leó: Seo mar adeir an Tiarna: Féach, líonfadsa lucht cónaithe uile na tíre seo, agus na ríthe de shliocht Dháivid atá ’na suí sa chathaoir ríoga, agus na sagairt, agus na fáidhí, agus lucht cónaithe Ierúsalem le meisce. 14 Agus scaipfead iad, gach fear óna bhráthair, agus aithreacha agus maca mar an gcéanna, adeir an Tiarna: ní spárálfad agus ní mhaithfead, ná ní dhéanfad trócaire, ach dísceód iad.

15 Cloisidh agus tugaidh cluas. Ná bíodh uabhar oraibh: óir tá labhartha ag an dTiarna. 16 Tugaidh glóire dúr dTiarna Dia sara mbeidh an doircheacht ann, agus sara mbeidh úr gcosa ag tuisliú ar na sléibhtibh dorcha. Beidh sibh ag lorg solais agus iompóidh sé ’na scáil bháis é agus ’na dhoircheacht. 17 Ach mura n-éistfidh sibh leis sin beidh m’anamsa ag gol fé cheilt mar gheall ar úr n-uabhar, beidh m’anam ag gol, agus beidh sruth deór ag rith anaus óm shúilibh, óir tá tréad an Tiarna bertha chun siúil i mbraighdineas.

18 Abair leis an rí agus leis an ríogain: Úmhlaídh sibh féin, óir tá coróinn úr nglóire tagaithe anuas ónúr gceann. 19 Táid cathracha an deiscirt dúnta suas agus níl éinne chun iad d’oscailt. Tá Iúda uile bertha chun siúil i mbraighdineas i bhfuadach iomlán.

20 Tógaidh suas úr súile agus féachaidh, sibhse atá ag teacht ón dtuaiscirt: ca bhfuil an tréad a tugadh duit, t’áirnéis álainn? 21 Cad ’déarfair nuair a thiocfaidh sé ar chuaird chút? Óir do mhúinis iad id choinnibh féinig, agus do theagaiscis iad in aghaidh do chínn féinig: ná béarfaid dóláis greim ort ar nós mná seólta? 22 Agus má deireann tú id chroí: Cad ’na thaobh go bhfuil na nithe seo tagaithe orm?

Mar gheall ar mhéid do mhallaitheachta tá do náire nochtaithe, táid buínn do chos truaillithe.
23 Más féidir don Étíópach a chroiceann d’athrú, nú don león breac a spotaí d’athrú, b’fhéidir go dtiocfadh libhse an mhaith do dhéanamh, nuair a bheidh an t-olc foghlamtha agaibh. 24 Agus
scaipfeadsa iad ar nós an choínligh a beirtear chun siúil leis an ngaoith san uaigneas. 25 Sin é do
chrann agus páirt do thómhais uaimse, adeir an Tiarna, óir do dhearúdais mise agus bhí do mhuinín
agat as an éitheach. 26 Dá bhrí sin táid do shliasta nochtaithe agamsa in aghaidh do ghnúise, agus
do taispeánadh do náire. 27 Do chonac t’adhaltranasaí, agus do shiotrach, agus mallaitheacht do
dhrúise: agus do ghráinniúlachtaí, ar na cnucaibh sa mhachaire. Mairg duit, a Ierúsalem. Ná glanfar thu im dhiaidh: cad é an fhaid fós?

**Caib. a Ceathardéag**

*Gorta léanmhar. Guí an fháidh. Uilc dá mbagairt ar fháidhibh fallsa. An fáidh ag déanamh buartha mar gheall ar a dhaoine.*

1 Briathar an Tiarna a tháinig chun Ieremiais i dtaobh bréithre na tíormachta. 2 Tá Ierúsalem tar éis
bheith ag caoineadh, agus táid a geataí tar éis titim agus táid siad dorcha ar an dtalamh, agus tá glao

Ierúsalem tar éis dul suas. 3 Chuir na daoine móra a ndaoine beaga chun an uisce. Thánadar chun an uisce do tharrac, ní bhfuaradar aon uisce. Do rugadar thar n-ais a n-árthaí folamh. Bhí mearaí orthu agus dólás, agus do chúdaíodar a gcínn. 4 Trí íde na talún toisc nár tháinig aon fhearthainn ar an dtír bhí mearaí ar an lucht saothraithe agus chlúdaíodar a gcínn. 5 Agus do rug an eilit ar an machaire agus d'fhág sí (a lao) mar ní raibh aon fhéar ann. 6 Agus bhí na hasail fhiaine 'na seasamh ar na carraigreachaibh ag tarrac na gaoithe ar nós *dracon* agus chuaigh dá súilibh mar ní raibh aon fhéar ann. 7 Má tá ár bpeacaí tar éis fianaise ' dhéanamh 'nár gcoinnibh, dein é, a Thiarna, ar son t'ainme, óir is líonmhar iad ár gceannaircí, do pheacaíomair id choinnibh. 8 A dhóchas Israél, a Shlánaitheóir Israél, i dtráth an chruatain: cad chuige dhuit bheith ar nós eachtrannaigh sa tír, agus ar nós fir taistil ag iompáil isteach ar lóistín? 9 Cad chuige dhuit bheith ar nós fánaí, ar nós fir chómhachtaigh ná féadann sábháil? Ach taoise 'nár measc, a Thiarna, agus tá t'ainm dá ghlaoch againn, ná tréig sinn.

10 Seo mar adeir an Tiarna lena phobal do shanntaigh bheith ag corraí ag gcos, agus nár ghlac a suaimhneas, agus nár thug sásamh don Tiarna. Cuímhneóidh sé anois ar a mallaitheachtaíbh agus tabharfaidh sé cuaird ar a bpeacaíbh. 11 Agus duairt an Tiarna liomsa: Ná bí ag guí ar an bpobal so ar mhaithe leó. 12 Nuair a dhéanfaid siad troscadh ní éistfeadsa lena nguí: agus nuair ' ofrálfaid siad *holocauistí* agus *victimí* ní ghlacfad iad: óir ídeód iad leis an gclaíomh, agus le gorta, agus le pláig. 13 Agus duartsa: Á, á, á, a Thiarna Dia, deir na fáidhí leó: Ní fheicfidh sibh an claíomh, agus ní bheidh aon ghorta 'núr measc, ach tabharfaidh sé síocháin fhírinneach díbh san áit seo. 14 Agus duairt an Tiarna liom: Táid na fáidhí ag fáidheadóireacht an éithigh im ainm. Níor chuireas-sa uaim iad, ná níor thugas órdú dhóibh, ná níor labhras leó. Aisling éithigh agus fáistine chealgach atá acu dá fháidheadóireacht díbh, agus mealltóireacht as a gcroí féinig. 15 Dá bhrí sin, seo mar adeir an Tiarna i dtaobh na bhfáidhí a bhíonn ag fáidheadóireacht im ainmse agus nár chuireas-sa uaim iad, agus adeir: Ní bheidh claíomh ná gorta sa tír seo: le claíomh agus le gorta is ea d'ídeófar na fáidhí sin. 16 Agus beid na daoine go mbíd siad san ag fáidheadóireacht dóibh, dá gcaitheamh amach i sráidibh Ierúsalem mar gheall ar an ngorta agus mar gheall ar an gclaíomh, agus ní bheidh éinne chun iad d'adhlacadh: iad féin agus a mná agus a maca agus a n-iníonacha, agus scaoilfeadsa amach orthu a mallaitheacht féinig. 17 Agus labharfairse leó an focal so: bíodh mo shúile ag sileadh deór anuas de ló agus d'oíche, agus ná stadaidís, mar tá an mhaighdean, iníon mo phobail dá crá le doghrainn mhór, le holc atá go róléanmhar. 18 Má théim amach ar an machaire, féach na daoine do maraíodh leis an gclaíomh. Agus má théim isteach sa chathair, féach na daoine atá tar éis bháis den ghorta. Tá an fáidh leis, agus an sagart, imithe isteach i dtír nárbh aithnid dóibh.

19 An amhlaidh atá Iúda caite uait ar fad agat, nú an bhfuil gráin ageat anam ar Shíon? Cad chuige, dá bhrí sin, gur bhuailis sinn i dtreó ná fuil aon leigheas le fáil againn? Do loirgeamair an tsíocháin agus níl aon mhaith ann, agus do loirgeamair tráth an leighis agus féach an buaireamh. 20 Admhaímíd, a Thiarna, ár ndrochbhearta, mallaitheacht ár sínsear, óir do pheacaíomair id choinnibh. 21 Ná tabhair sinn chun bheith 'nár masla, ar son t'ainme, agus ná cuir tarcaisne, ionainne, ar chathaoir do ghlóire. Cuímhnigh air, ná bris do chonnradh linn.

22 An bhfuil ar nithibh snoite na nGeinte aon ní a dh'fhéadfaidh fearthainn a thabhairt? Nú an féidir do sna spéarthaibh ceathanna do thabhairt uathu? Nách tusa ár dTiarna Dia atá againn dá lorg? Óir is tu do dhein na nithe sin go léir.

**Caib. a Cúigdéag**

*Dia ceapaithe ar phionós do chur ar na Giúdaígh mar gheall ar a bpeacaíbh. An fáidh ag gearán. Geallúint ag Dia á thabhairt do.*

1 Agus duairt an Tiarna liom: Dá mbeadh Maois agus Samuel ’na seasamh os mo chómhair, níl m’anam leis an bpobal san. Caith amach iad as mo radharc agus imídís amach. 2 Agus má deirid siad leat: Cá n-imeóimíd amach? Déarfairse leó: Seo mar adeir an Tiarna: An chuid atá don bhás, chun báis: an chuid atá don chlaíomh, chun an chlaímh: agus an chuid atá don ghorta, chun an ghorta: agus an chuid atá don bhraighdineas, chun braighdinis. 3 Agus tabharfadsa cuaird orthu le cheithre shaghas, adeir an Tiarna: an claíomh chun bheith ag marú, agus na gadhair chun bheith ag stracadh, agus éanlaithe an aeir agus beithígh na talún, chun bheith ag ithe agus ag ídiú. 4 Agus tabharfad suas iad d’oirbhíre ríocht uile an domhain, mar gheall ar Mhanasses, mac Esechiais, rí Iúda, mar gheall ar ar dhein sé sin i Ierúsalem.

5 Óir cé hé go mbeidh trua aige dhuitse, a Ierúsalem? nú cé ’ chaoinfidh thu? nú cé ’ raghaidh ag guí síochána dhuit? 6 Do thréigis mise, adeir an Tiarna: taoi imithe i ndiaidh do chúil: agus sínfeadsa amach mo lámh id choinnibh, agus ídeóid thu. Táim tuirseach de bheith ’dhot iarraidh. 7 Agus scaipfead iad le gaothrán i ngeataíbh na tíre. Tá mo dhaoine marbh, ídithe agam agus fós nílid siad iompaithe óna slitibh. 8 Táid a mbainntreacha iomadaithe chúm mar ghainimh na mara, tá tabhartha agam orthu, in aghaidh máthar an fhir óga, foghlaí i lár an lár. Tá scannradh curtha agam go hobann ar na cathrachaibh. 9 Í sin do rug an mórsheisear tá sí lagaithe agus tá a hanam tar éis dul i laige. Tá a grian tar éis dul fé agus an lá fós ann, tá mearaí uirthi agus náire. Agus tabharfad suas don chlaíomh i radharc a namhad an fuíollach atá fágtha dhíobh, adeir an Tiarna.

10 Mairg dómhsa, a mháthair liom, cad chuige dhuit me ’ bhreith im fhear toirmisc, im fhear coímheascair don tsaol* go léir? Níor thugas iasacht ar iúncamas, ná níor thug aon fhear iasacht dom ar iúncamas, ach táid siad go léir ag eascainí orm.

11 Deir an Tiarna: Go deimhin bheidh an scéal go maith ageat iarsma, go deimhin cabhród leat in am an chruatain agus in am an bhuartha, in aghaidh an namhad. 12 An mbeidh iarann i gconnradh[1] leis an iarann ón dtuaiscirt, agus leis an bprás? 13 Tabharfad do shaibhreas i bhfoghail in aisce (gan aon rud), agus do stórasa, mar gheall ar do pheacaíbh go léir, id chríochaibh go léir, 14 agus tabharfad do namhaid amach a tír nách eól duit. Óir tá tine adaithe im fheirg agus is oraibhse a bheidh sí ag dó.

15 A Thiarna, is duitse is eól, cuímhnigh ormsa, agus tar ar chuaird chúm, agus cosain me orthu san atá ag cur orm, ná cosain me it fhoighne[2]: bíodh ’ fhios agat go bhfuil masla fuilicthe agam ar do shonsa. 16 Do fuaradh do bhréithre, agus d’itheas-sa iad, agus bhí do bhriathar dómhsa in áthas, agus ’na gháirdeachas croí. Óir tá t’ainm glaeite orm, a Thiarna Dia na sló. 17 Níor shuíos i gcómhairle lucht magaidh, ná níor dheineas maíomh as do lámh a bheith im láthair: do bhínn im shuí im aonar mar táim líonta agat de bhagarthaibh. 18 Cad ’na thaobh go bhfuil mo dhólás ag leanúint i gcónaí, agus go bhfuil mo chneadh léanmhar i dtreó ná gabhann sí cneasú? Tá sí agam ’na fallsacht uisceacha cealgacha nách féidir iúntaoibh do bheith ag duine astu. 19 Dá bhrí sin seo mar adeir an Tiarna. Más toil let iompáil iompódsa thu agus seasóir os mo chómhair: agus má dheighleann tú an luachmhar, ón ngránna, beidh tú ar nós mo bhéil. Iompófar iad san chútsa agus ní iompófar* chúthu san thusa. 20 Agus tabharfadsa thusa don phobal san it fhalla láidir práis; agus

1 Caib. 15. véar. 12. “*An mbeidh iarann i gconnradh*”. .i. a’ ndéanfaidh an t-iarann, .i. neart Iúda, seasamh in aghaidh an iarainn atá níosa threise, .i. in aghaidh iarainn an tuaiscirt, .i. in aghaidh iarainn Bhabiloin, nú an ndéanfaidh an t-iarann lag connradh cothrom leis an iarann láidir? Ní dhéanfaidh go deimhin, ach is amhlaidh a brisfar an t-iarann lag.

2 Véar. 15. “*Ná cosain me it fhoighne*”, .i. ná cimeádadh an fhoighne a dheineann tú le peacachaibh thu gan brostú chun cabhraithe liomsa.

beid siad ag troid it choinnibh agus ní bhéarfaid siad bua: óir táimse leat chun tu ’ thabhairt saor agus chun tu ’ dh’fhuascailt, adeir an Tiarna. 21 Agus tabharfad saor thu a láimh an chuirpigh agus fuasclóid thu a láimh an chómhachtaigh.

**Caib. a Sédéag**

*Coisctear an fáidh ar phósadh; léirscrios amu’ ’s amach le déanamh ar na Giúdaígh mar gheall ar a n-íodaladhradh. Ach fuasclófar iad fé dheireadh as a mbraighdineas, agus iompófar na Geinte chun an chreidimh.*

1 Agus tháinig focal an Tiarna chúm agus duairt sé: 2 Ní thógfair bean chút féin, ná ní bheidh clann mhac ná clann iníon agat san áit seo. 3 Óir seo mar adeir an Tiarna i dtaobh na mac agus na n-iníon a beirtear san áit seo, agus i dtaobh na máthar a rug iad, agus i dtaobh na n-athar ónar rugadh iad sa tír seo, 4 gheóbhaid siad bás de bhreóiteachtaibh léanmhara. Ní déanfair iad do chaoineadh, ná ní adhlacfar* iad. Beid siad ar nós aoiligh ar uachtar na talún, agus ídeófar iad leis an gclaíomh agus le gorta, agus beid a gcuirp ’na mbia d’éanlaithibh an aeir agus do bheithígh na talún. 5 Óir seo mar adeir an Tiarna: Ná héirigh isteach i dtigh an fhéasta, ná ná héirigh ag déanamh caointe, ná chun sóláis a chur orthu, óir tá mo shíocháin tógtha agamsa ón bpobal san, adeir an Tiarna, mo thrócaire agus m’atrua. 6 Agus gheóbhaidh idir bheag agus mór bás sa tír seo. Ní hadhlacfar iad ná ní caoinfar iad, ná ní bheidh daoine dhá ngearradh féin, agus dhá maolú féin ar a son. 7 Agus ní bheid siad ag briseadh aráin ’na measc chun an té a bheidh ag caoineadh, ag cur sóláis air i dtaobh an mhairbh. Ná ní thabharfaid siad deoch dóibh as an gcupán, ag cur solais orthu mar gheall ar a n-athair agus ar a máthair. 8 Agus ná héirigh sé isteach i dtigh an fhéasta, chun suite ’na dteannta ag ithe agus ag ól: 9 óir seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Féach tógfadsa chun siúil as an áit seo, ’núr radharc agus ’núr laethibh, glór an tsoilbhris agus glór an áthais, glór an nuachair agus glór na céile.

10 Agus nuair adéarfair leis an bpobal san na bréithre sin go léir, agus adéarfaid siad leat: Cad fáth gur labhair an Tiarna an t-olc san go léir ’nár gcoinnibhne? Cad é ár mallaitheacht? Agus cad é an peaca atá déanta againn in aghaidh ár dTiarna Dia? 11 Déarfairse leó: Mar do thréigeadar úr n-aithreacha me, adeir an Tiarna, agus d’imíodar i ndiaidh déithe iasachta, agus d’fhriotháladar iad, agus d’adhradar iad, agus do thréigeadar mise, agus níor chimeádadar mo dhlí. 12 Agus tá rud níosa mheasa déanta agaibhse leis, ná mar a dhein úr n-aithreacha. Óir féach, tá gach duine agaibh ag siúl de réir tuathail a dhroch-chroí féinig, i dtreó ná héisteann sé liom. 13 Agus caithfeadsa amach sibh as an dtalamh so, isteach i dtír nách eól díbhse ná dúr n-aithreachaibh, agus san áit sin beidh sibh ag déanamh seirbhíse do dhéithibh iasachta de ló agus d’oíche, rud ná tabharfaidh aon tsuaimhneas díbh.

14 Féach, dá bhrí sin, táid na laethanta ag teacht, adeir an Tiarna, nuair ná déarfar a thuilleadh: Is beó an Tiarna do thug clann Israél amach a talamh na hÉigipte: 15 ach: Is beó an Tiarna do thug clann Israél amach a talamh an tuaiscirt, agus amach as na tíorthaibh go léir gur chaitheas amach iontu iad. Agus tabharfad isteach arís iad sa tír a thugas dá n-aithreachaibh.

16 Féach, cuirfeadsa uaim a lán iascairí, agus déanfaid siad iad d’iascaireacht, agus ’na dhiaidh san cuirfead uaim a lán fiagaithe, agus beid siad ’gá bhfiach de gach sliabh agus de gach cnuc, agus amach a pollaibh na gcarraigreach. 17 Óir táid mo shúile ar a slitibh go léir. Nílid siad i bhfolach ó m’aghaidh, agus ní raibh a mallaitheacht i bhfolach óm shúilibh. 18 Agus cúiteódsa leó ar dtúis a

mallaitheachtaí dúbalta, agus a bpeacaí: óir tá mo thalamh truaillithe acu le cnublachaibh a n-íodal, agus tá m'oidhreacht líonta acu dá ngráinniúlachtaíbh.

19 A Thiarna, is tu mo chómhacht agus mo neart, agus mo dhíon i ló an chruatain, is chútsa do thiocfaid na geinte ó imeallaibh an domhain agus déarfaid siad: Is fíor gur shealbhaigh ár n-aithreacha bréaga, baois nár fhóir orthu. 20 An ndéanfaidh duine déithe do féinig, agus ní déithe iad? 21 Dá bhrí sin cuirfead ' fhéachaint orthu, an t-aon uair amháin seo, eólas a bheith acu. Taispeánfad dóibh mo lámh agus mo chómhacht, agus beidh ' fhios acu gur an Tiarna is ainm dom.

**Caib. a Seachtdéag**

*Seólfar i mbraighdineas na Giúdaígh mar gheall ar a seasmhacht sa pheaca. Mallacht ar a té ' chuireann a mhuinín a feóil. Is é Dia amháin do scrúdann an croí agus a thugann do gach duine de réir mar a bhíonn tuíllte aige. An fáidh dhá iarraidh go bhfuasclófí é óna namhaid, agus cómhairlíonn sé an tsaoire do chimeád.*

1 Tá peaca Iúda scríofa le peann iarainn, le puínte *adamaint*. Tá sé snoite ar tháibléad a gcroí, ar adharcaibh a n-altóracha, 2 nuair a chuímhneóid a gclann ar a n-altórachaibh, agus ar a gcoílltibh beaga, agus ar a gcrannaibh glasa ar shléibhtibh árda, 3 ag íbirt sa mhachaire: tabharfadsa do neart agus do stóras go léir don fhoghail, t'áiteanna árda chun peaca it chríochaibh go léir 4 agus fágfar lom thu ó t'oidhreacht, an oidhreacht a thugas-a dhuit. Agus cuirfead ' fhéachaint ort bheith ag seirbhís dod namhaid i dtír nách aithnid duit: óir tá tine curtha ar lasadh agat im fheirg, beidh sí ag dó choíche.

5 Seo mar adeir an Tiarna: Mallacht ar an nduine gurb as duine atá a mhuinín aige, agus a dheineann a chuisle d'fheóil, agus go n-imíonn a chroí ón dTiarna, 6 óir beidh sé ar nós an *tamaric*[1]
san uaigneas, agus ní fheicfidh sé nuair a thiocfaidh an mhaith, agus beidh sé 'na chónaí sa tíormacht, san uaigneas, i dtalamh salainn, gan lucht áitribh. 7 Beannacht ar an nduine gurb as an dTiarna atá a mhuinín aige, agus beidh an Tiarna mar iúntaoibh aige, 8 agus beidh sé ar nós an chraínn a planndaíodh in aice le huisceachaibh agus do leathann a phréamhacha amach chun na húrmhaireachta, agus ní bheidh eagal air nuair a thagann an brothall, agus beidh a bhileóg glas agus in aimsir thíormachta ní bheidh buaireamh air, agus ní stadfaidh sé aon uair de thoradh ' thabhairt.
9 Bíonn an croí tuathalach thar gach ní, agus doscrúdaithe. Cé ' fhéadfann é ' dh'aithint? 10 Mise an Tiarna do chuardaíonn an croí, agus do thrialann na háranna: a thugann do gach duine de réir a shlí agus de réir toradh a bearthúcháin. 11 Do ghoir an phiotarisc uíbhe nár rug sí féin. Ar an nós san, an té do bhailigh saibhreas, agus nách le ceart é, fágfaidh sá 'na dhiadh é i lár a laethanta, agus 'na chrích dheirineach is in' amadán a bheidh sé. 12 Cathaoir árd ghlórmhar ó thosach is ea áit ár naomhaithene. 13 A Thiarna, a dhóchas Israél: gach a n-imeóidh uaitse beidh mearaí orthu: iad san a dh'fhágfaidh thu, sa chré a scríofar iad, toisc gur thréigeadar an Tiarna, féith an uisce bheó.

14 Cneasaigh me, a Thiarna, agus bead cneasaithe. Sábháil me agus bead sábhálta, óir is tusa mo mholadhsa. 15 Féach, bíd siad dhá rá liom: Ca bhfuil briathar an Tiarna? Tagadh sé:

16 Agus ní bhíonn buaireamh ormsa, it leanúintse dhom mar aeire, agus níor chuireas dúil i lá duine, is eól duit. An ní a chuaigh as mo bheólaibh bhí sé ceart id shúilibhse.

1 Caib. 17. véar. 6. "*Tamaric*". Sceach is ea é a bhíonn ag fás in sna háiteannaibh is tiorma agus is crua den ghainmheach.

17 Ná bíse id scannradh dhom, is tu mo dhóchas i ló an chruatain. 18 Bíodh mearaí orthu[1] san a bhíonn ag cur orm: agus ná bíodh mearaí ormsa. Bíodh eagla orthu san agus ná bíodh eagla ormsa. Tabhair orthu san lá an chruatain agus ídigh iad le híde dhúbalta.

19 Seo mar adeir an Tiarna liom: Imigh agus seasaimh i ngeata clainne an phobail, mar a mbíd ríthe Iúda ag teacht isteach agus ag dul amach, agus i ngeataíbh uile Ierúsalem: 20 agus déarfair leó: Éistidh le briathar an Tiarna, a ríthe Iúda, agus a lucht cónaithe uile Ierúsalem a bhíonn ag teacht isteach na geataí seo. 21 Seo mar adeir an Tiarna: Tugaidh aire dúr n-anam, agus ná bídh ag iompar aon ualaí lá na sabóide, agus ná bídh dhá dtabhairt isteach geataí Ierúsalem. 22 Agus ná bídh ag tabhairt ualaí amach as úr dtithibh lá na sabóide. Agus ná bídh ag déanamh aon oibre. Deinidh lá na sabóide do naomhú, mar a dh'órdaíos dúr n-aithreachaibh. 23 Ach níor chloiseadar, ná níor chromadar a gcluas, ach a muineál do chruachtaint i dtreó ná héistfidís liom agus ná glacfaidís teagasc.

24 Agus titfidh amach: má éisteann sibh liomsa, adeir an Tiarna, agus gan aon ualaí do thabhairt isteach geataí na cathrach so lá na sabóide: agus má naomhaíonn sibh lá na sabóide, le gan aon obair a dhéanamh an lá san; 25 go mbeid ríthe agus priúnsaí ag teacht isteach geataí na cathrach so, agus iad 'na suí i gcathaoir Dhávid, agus iad ag marcaíocht i gcarbataibh agus ar eachaibh, iad féin agus a bpriúnsaí, fir Iúda agus lucht cónaithe Ierúsalem; agus go mbeidh lucht cónaithe sa chathair seo go deó. 26 Agus beidh daoine ag teacht ó chathrachaibh Iúda, agus ó sna háiteannaibh mórthímpall ar Ierúsalem, agus ó thír Bheniamin, agus ó sna machairíbh, agus ó sna sléibhtibh, agus ón ndeiscirt, ag tabhairt *holocauistí* leó, agus *victimí*, agus íbirtí, agus túise; agus beid said ag tabhairt ofrála isteach i dtigh an Tiarna.

27 Ach mara ndeinidh sibh éisteacht liom agus lá na sabóide do naomhú, agus gan bheith ag iompar ualaí, agus gan bheith dhá dtabhairt isteach geataí Ierúsalem lá na sabóide, cuirfeadsa tine ar lasadh i ngeataíbh Ierúsalem agus sloigfidh sí tithe Ierúsalem, agus ní curfar in éag í.

**Caib. a hOctdéag**

*Mar an gcré i láimh an photadóra atá Israél i láimh Dé. Tugann sé maithiúnachas don aithríoch agus cuireann sé pionós ar an gceanntréan. Iad ag déanamh ceilge in aghaidh Ieremiais agus eisean dhá ínsint dóibh cad iad na doghrainní a bhí os a gcionn.*

1 An briathar a tháinig chun Ieremiais ón dTiarna dhá rá: 2 Éirigh agus imigh síos isteach i dtigh an photadóra agus ansan is ea ' aireóir mo bhréithre. 3 Agus d'éiríos agus chuas síos isteach i dtigh an photadóra agus bhí seisean ag déanamh oibre ar an roth. 4 Agus do briseadh an t-árthach a bhí aige á dhéanamh lena lámhaibh, de chré: agus d'iompaigh sé agus dhein sé árthach eile den árthach san, fé mar a thaithn lena shúilibh a dhéanamh. 5 Agus tháinig focal an Tiarna chúmsa, dhá rá: 6 Nách féidir dómhsa a dhéanamh leatsa mar a dheineann an potadóir seo, a theaghlach Israél?[2]
7 Labharfad go hobann i gcoinnibh náisiúin agus i gcoinnibh ríochta, chun é ' thóch amach, agus do leagadh ar lár, agus do ídiú. 8 Má dheineann an náisiún san gur labhras 'na choinnibh aithrí 'na n-olc, déanfadsa leis aithrí san olc a mhachtnaíos 'na gcoinnibh. 9 Agus labharfad go hobann ar

1 Véar. 18. "*Bíodh mearaí orthu*". Ní guíodóireacht le drochaigne agus le rún díoltais cainnt den tsórd san ó sna fáidhibh. Targaireacht is ea iad dhá ínsint cad iad na huilc a bhí le teacht ar pheacachaibh ná déanfadh aithrí, agus ag moladh cirt Dé sa ghnó.

2 There is an insertion sign in the manuscript, suggesting the back of the page may have the rest of the verse, which reads: behold as clay is in the hand of the potter, so are you in my hand, O house of Israel.

náisiún agus ar ríocht, chun é ’ dhéanamh suas agus do phlanndú. 10 Má dheineann sé olc im shúilibh, agus gan éisteacht lem ghlór déanfadsa aithrí sa mhaith aduart a dhéanfainn do.

11 Labhairse anois dá bhrí sin, le fearaibh Iúda, agus le muíntir Ierúsalem agus abair leó: Seo mar adeir an Tiarna: Féach, táim ag ceapadh uilc ’núr gcoinnibh agus táim ag beartú machnaimh ’núr gcoinnibh. Iompaíodh gach duine agaibh óna dhrochshlí, agus deinidh úr slite agus úr ngníomhartha díreach. 12 Agus dúradar: Táimíd gan dóchas: óir leanfaimíd ár smaointe féinig, agus déanfaidh gach duine againn de réir tuathail a dhroch-chroí. 13 Dá bhrí sin seo mar adeir an Tiarna: Fiafraigh de sna geintibh cé ’ airigh riamh a leithéid de ghráinniúlacht agus atá déanta go hiomadúil ag an maighdin sin Israél? 14 An amhlaidh a raghaidh de shneachta Libanuis ó charraig an mhachaire? Nú an féidir na huisceacha fuara a bhíonn ag rith amahc do thógaint chun siúil? 15 Óir tá dearúd déanta ageam pobal díomsa, agus iad ag ofráil in aistear, agus ag tuisliú ’na slitibh, i gcosánaibh ársa, chun bheith ag siúl tríothu, i mbóthar nár satladh air: 16 chun go dtabharfí a dtír suas chun a scriosta, agus chun siosarnaí go deó: an uile dhuine do gheóbhaidh thairis beidh alltach air agus é ag crothadh a chínn. 17 Ar nós gaoithe ag loscadh scaipfead iad roimis an namhaid. I ló a n-íde, is é an drom a thaispeánfad dóibh agus ní hí an aghaidh.

18 Agus dúradar: Téanaídh, beartaímís beartúcháin in aghaidh Ieremiais, óir ní raghaidh an dlí ar ceal ón sagart, ná cómhairle ón eagnaí, ná an briathar ón bhfáidh. Téanaídh, buailimís é leis an dteangain agus ná cuirimís aon tsuím ’na chainnteannaibh go léir. 19 Féach chúmsa, a Thiarna, agus éist le guth na ndaoine atá im choinnibh. 20 An amhlaidh a déanfar olc in aghaidh an mhaitheasa, óir tá poll rómhartha acu dom anam? Cuímhnigh[1] gur sheasaíos os do chomhairse chun rud fónta do labhairt ar a son, agus chun do dhíbheirge d’iompáil uathu. 21 Dá bhrí sin tabhair a gclann suas don ghorta, agus tabhair isteach i láimh an chlaímh iad. Bíodh a mná gan chlann agus ’na mbainntreachaibh, agus maraíodh an bás a bhfeara: sáitear a bhfir óga leis an gclaíomh i gcath. 22 Bíodh liú dá aireachtaint as a dtithibh, óir tabharfairse an foghlaí orthu go hobann, óir tá poll déanta acu chun bertha ormsa agus tá gaiste curtha i bhfolach acu dom chosaibh. 23 Ach is eól duitse, a Thiarna, a mbeartúchán go léir im choinnibh chun báis. Ná maith dhóibh a mallaitheacht, agus ná cimiltear amach a bpeaca as do radharc: treascarthar ar lár iad os cómhair do shúl: i dtráth t’fheirge ídigh iad.

## Caib. a Naoidéag

*Fé bhriseadh árthaigh potadóra, mar fhigiúir, taispeánann an fáidh roim ré an léirscrios a bhí le teacht ar na Giúdaígh mar gheall ar a bpeacaibh.*

1 Seo mar adeir an Tiarna: Imigh agus tóg leat buidéal cré potadóra, agus tóg cuid de sheanóiríbh an phobail agus de sheanóiríbh na sagart, 2 agus imigh amach i ngleann mhic Ennoim, atá in aice le béal an gheata cré, agus labharfair san áit sin na focail adéarfad leat: 3 agus déarfair: Éistidh le briathar an Tiarna, a ríthe Iúda agus a lucht cónaithe Ierúsalem: Seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Féach, tabharfadsa cruatan ar an áit seo: i dtreó, pé dhuine ’ dh’aireóidh é go mbeidh píoparnach ’na chluasaibh: 4 óir do thréigeadar me agus do mhaslaíodar an áit seo: agus tá íbirt déanta acu ann chun déithe iasachta, déithe nárbh aithnid dóibh féin ná dá n-aithreachaibh ná do ríthibh Iúda, agus tá an áit seo líonta acu d’fhuil na neamhchiontach, 5 agus táid áiteanna árda Bhaalim curtha suas acu chun bheith ag dó a gclainne le tine mar *holocaust* chun Baalim, nithe nár órdaíos-sa, agus nár labhras orthu, agus nár tháinig aon uair amháin im aigne. 6 Dá bhrí sin táid na

1 Caib. 18. véar. 20. “*Cuímhnigh*”. Labharthar an chainnt sin i bpearsain Chríost, nuair a bhí na Giúdaígh dhá chéasadh, agus ínstear roim ré na huilc a bhí le teacht orthu mar gheall ar a gcortha.

laethanta ag teacht, adeir an Tiarna, nuair ná tabharfar a thuilleadh ar an áit seo Tophet, ná gleann mhic Ennoim, ach gleann an éirligh. 7 Agus cuirfeadsa amú cómhairle Iúda agus Ierúsalem san áit seo, agus ídeód iad leis an gclaíomh i radharc a namhad, agus le lámhaibh na ndaoine atá ar tí a n-anam, agus tabharfad a gcuirp mar bhia d'éanlaithibh an aeir agus do bheithíochaibh na talún, 8 agus déanfad den chathair seo uathás agus siosarnach: beidh an uile dhuine do gheóbhaidh tháirsi in uathás agus ag siosarnaigh mar gheall ar na pláigibh go léir a bheidh uirthi. 9 Agus biathfad iad le feóil a mac agus le feóil a n-iníon, agus beidh gach duine acu ag ithe feóla a charad san imdhruidim agus sa chruatan, lena ndéanfaid a namhaid agus iad san a bheidh ar tí a n-anam iad d'fhháscadh. 10 Agus brisfir an buidéal i radharc na bhfear a raghaidh leat. 11 Agus déarfair leó: Seo mar adeir Tiarna na sló: Mar sin díreach a bhrisfeadsa an pobal san agus an chathair sin, mar a bristear árthach an photadóra, rud nách féidir a shlánú arís. Agus adhlacfar iad i dTophet, mar níl aon áit eile 'na n-adhlacfí iad. 12 Sin mar a dhéanfad leis an áit seo, agus le lucht cónaithe na háite: agus déanfad an chathair a bheith ar nós Tophet. 13 Agus beid tithe Ierúsalem agus tithe ríthe Iúda neamhghlan ar nós áiteanna Tophet, na tithe sin go léir go mbídís ag déanamh íbirtí ar a mbuaicibh chun slóite uile na spéire, agus ag dortadh ofrálacha dí chun déithe iasachta.

14 Ansan tháinig Ieremias ó Thophet, an áit 'nar chuir an Tiarna ann é chun na fáidheadóireachta ' dhéanamh, agus sheasaimh sé i gcúirt tí an Tiarna, agus duairt sé leis na daoine go léir: 15 Seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Féach, tabharfadsa isteach ar an gcathair seo, agus ar a cathrachaibh go léir, na huilc uile atá labhartha agam 'na coinnibh: óir táid siad tar éis a muineálacha do chruachtaint, i dtreó ná cloisfidís mo bhréithre.

## Caib. a Fiche

*An fáidh dá chrá: an braighdineas aige á gheallúint don mhuíntir a bhí ag cur air, agus é ag éagaoineadh a chúise féinig.*

1 Ach bhí Phassur mac Emmeir, an sagart, ceapaithe 'na thaoiseach i dtigh an Tiarna, agus bhí sé ag éisteacht le Ieremias ag fáidheadóireacht na bhfocal san, 2 agus do bhuail sé an fáidh Ieremias agus chuir sé isteach é sa chuíbhreach a bhí i ngeata uachtarach Bheniamin, i dtigh an Tiarna. 3 Agus nuair a bhí an solas ann amáireach a bhí chúinn do thug Phassur Ieremias amach as an gcuíbhrigh, agus duairt Ieremias leis: Ní Phassur[1] a thug an Tiarna mar ainm ortsa ach Imeagla mhórthímpall[*]. 4 Óir seo mar adeir an Tiarna: Féach tabharfadsa suas tu d'imeagla, tu féin agus do cháirde go léir: agus titfid siad le claíomh a namhad, agus chífid do shúilese é, agus tabharfadsa Iúda go léir isteach i láimh rí Bhabiloin, agus béarfaidh sé leis iad go dtí Babilon, agus buailfidh sé leis an gclaíomh iad. 5 Agus tabharfad substainnt uile na cathrach so, agus a saothar go léir, agus gach ní luachmhar léi, agus stóras uile ríthe Iúda, isteach i lámhaibh a namhad is ea ' thabharfad iad, agus déanfaid siad foghail díobh, agus tógfaid siad leó iad, agus béarfaid siad go dtí Babilon iad. 6 Ach tusa, a Phassuir, agus gach a bhfuil 'na gcónaí id thigh, imeóidh sibh i mbraighdineas, agus raghair go dtí Babilon, agus is ann a gheóbhair bás, agus is ann do hadhlacfar thu, tu féin agus do cháirde go léir go mbíthá ag fáidheadóireacht éithigh dóibh.

1 Caib. a 20, véar. a 3. "*Phassur*". Ciallaíonn an ainm sin "méadú", agus "priúnsaíocht", agus uime sin athraítear san áit seo é chun "*Magor-Misabib*", nú "Imeagla ar an uile thaobh", ag ciallú ná n-olc a bhí le teacht air mar gheall ar é ' bheith ag cur in aghaidh bréithir Dé.

7 Do mheallais me[1], a Thiarna, agus táim meallta. Is treise thu ná me, agus tá buaite agat. Táim im cheap magaidh an lá go léir, agus iad go léir ag scige fúm. 8 Óir táim ag cainnt anois le fada dh'aimsir ag callaireacht in aghaidh mallaitheachta agus fógraim léirscrios go minic, agus bíonn briathar an Tiarna dá chasadh in asachán liom agus 'na mhasla, an lá go léir: 9 agus duart: Ní thráchtfad air ná ní labharfad in' ainm a thuilleadh: agus do tháinig mar ' bheadh tine ag loscadh im chroí, agus í dúnta suas im chnámhaibh; agus bhíos buailte amach toisc gan me ' bheith ábalta ar fhulag. 10 Óir bhíos ag éisteacht le tarcaisne óna lán, agus scannradh ar an uile thaobh: cráitear é agus deinimís é ' chrá: ó sna fearaibh go léir a bhíodh go mór liom agus do lean ar mo thaobh: (féachaint) an meallfí é ar aon tslí agus go bhfaighimís an lámh uachtair air, agus go ndéanfaimís díoltas air. 11 Ach tá an Tiarna liomsa mar ' bheadh laoch láidir. Dá dheascaibh sin titfid an mhuíntir atá im chrá, agus beid siad lag. Beidh mearaí orthu go mór, mar níor thuigeadar an masla síoraí ná glanfar amach choíche. 12 Agus thusa, a Thiarna na sló, a thrialaire an fhíoraein, thusa do chíonn na háranna agus an croí, leog dómhsa, aicim ort, do dhíoltas orthu san a dh'fheiscint[2] óir is os do chómhairse a dh'osclas mo chúis. 13 Canaidh don Tiarna, molaidh an Tiarna, óir tá anam an bhoicht fuascailte aige a lámhaibh na ndrochdhaoine.

14 Mallacht ar an lá[3] a rugadh me, beannacht ná raibh ar an lá san a rug mo mháthair me. 15 Mallacht ar an bhfear a thug an scéal ag triall ar mh'athair, dhá rá: tá leanbh fireann bertha chút, agus do chuir áthas mór air. 16 Bíodh an fear san ar nós na gcathrach atá treascartha ar lár ag an dTiarna agus nár dhein aithrí. Cloiseadh sé callóid ar maidin agus olagón i lár an lae; 17 an té nár mhairbh me i mbroínn mo mháthar, i dtreó go mbeadh mo mháthair 'na huaigh agam, agus a bhroínn 'na gabháil shíoraí. 18 Cad chuige go dtánagsa amach as an mbroínn chun bheith ag féachaint ar dhua agus ar dhólás agus chun go gcaithfí mo laethanta i mearaí?

**Caib. Dhá Dheich a hAon**

*Freagra an fháidh ar na teachtairíbh a tháinig chuige ó Shedecias nuair a bhí Ierúsalem dá himdhruidim.*

1 An focal a tháinig chun Ieremiais ón dTiarna nuair a chuir an rí Sedecias Phassur mac Mhelchiais agus Sophonias mac Mhaasiais an sagart, ag triall air, dhá rá: 2 Fiafraigh den Tiarna ar ár son, óir tá Nabuchodonosor, rí Bhabiloin, ag cur cogaidh orainn: féachaint an ndéanfaidh an Tiarna dhúinn de réir a oibreacha iúntacha, agus go n-imeódh sé uainn.

3 Agus duairt Ieremias leó: Seo mar adéarfaidh sibh le Sedecias: 4 Seo mar adeir anTiarna, Dia Israél: Féach, iompódsa siar na hairm cogaidh atá 'núr lámhaibh agus gur leó atáthaoi ag troid in aghaidh rí Bhabiloin agus in aghaidh na gCaldéach, atá 'núr n-imdhruidim mórthímpall ar úr bhfallaibh, agus cruinneód iad i dteannta ' chéile i lár na cathrach so 5 agus beadsa féin ag troid 'núr gcoinnibh agus mo lámh sínte amach agam, agus le cuislinn láidir, agus le fíoch, agus le hoirbhíre, agus le fraoch mór. 6 Agus buailfead lucht cónaithe na cathrach so, beid daoine agus beithígh ag fáil bháis le pláig mhór. 7 Agus i ndiaidh na nithe sin, adeir an Tiarna, tabharfad Sedecias rí Iúda, agus a sheirbhísigh agus a dhaoine, agus gach a mbeidh fágtha sa chathair seo i ndiaidh na pláige[*], isteach i láimh Nabuchodonosoir rí Bhabiloin, agus isteach i láimh a namhad; agus isteach i láimh

1 Véar. a 7. "*Do mheallais me*". Ní hamhlaidh a bhí aon neamhfhírinne ag an bhfáidh á chur i leith Dé. Ní raibh sa "mhealladh" ach so, nuair a ghlac sé gnó na fáidheadóireachta gur chimeád Dia uaidh eólas ar léanmhaireacht na n-olc a bhí le teacht air i ndéanamh an ghnótha san.

2 Véar. a 12. "*Do dhíoltas a dh'fheiscint*". Ní le fuath ná le drochaigne a tugadh an ghuí sin, ach le díogras don cheart.

3 Véar. a 14. "*Mallacht ar an lá*". Níl sa chainnt sin agus sa chainnt a leanann í, ach figiúir cainnte dhá cur i gcéill le breis fuinnimh cad iad na huilc a thug a theacht ar an saol so air.

na ndaoine atá ar tí an anama, agus buailfidh sé iad le faobhar an chlaímh, agus ní bogfar é chun trua, ná chun iad do spáráil, ná chun taise do thaispeáint dóibh.

8 Agus déarfair leis na daoinibh seo: Seo mar adeir an Tiarna: Féach tá slí na beatha agus slí an bháis agamsa á chur os úr gcómhair. 9 An té ' fhanfaidh sa chathair seo gheóbhaidh sé bás leis an gclaíomh agus leis an ngorta agus leis an bpláig. Ach an tá a dh'imeóidh amach agus do theithfidh anonn chun na gCaldéach atá ag úr n-imdhruidim mairfidh sé agus beidh a anam aige ar nós foghla: 10 óir tá m'aghaidh socair agamsa in aghaidh na cathrach so agus ní chun maitheasa é ach chun uilc, adeir an Tiarna. Tabharfar isteach í i láimh rí Bhabiloin agus loiscfidh sé sin í le tine.

11 Agus le teaghlach rí Iúda: Éistidh le briathar an Tiarna, 12 a theaghlach Dhávid, seo mar adeir an Tiarna: Breithnídh breithiúntas ar maidin agus fuasclaidh a láimh an éigeantóra an té atá dá bhrú leis an éagóir: le heagla go raghadh mo dhíbheirg amach ar nós tine agus go lasfadh sí, agus ná beadh éinne chun í ' chur in éag, mar gheall ar olcas úr slite.

13 Féach me chútsa atá id chónaí i ngleann[1] ar charraig os cionn machaire, adeir an Tiarna: agus deirthíse: cé ' bhuailfidh sinn? Agus cé ' thiocfaidh isteach 'nár dtithibh? 14 Ach tabharfadsa cuaird oraibh de réir thoradh úr ngníomhartha, adeir an Tiarna, agus lasfad tine in' fhoraois agus sloigfidh sí gach ní 'na tímpall.

## Caib. Dhá Dheich a Dó

*Cómhairle dhóibh, idir rí agus daoine, dhá iarraidh orthu iompáil ar Dhia. Breith Dé ar Ioachas agus ar Ioachim agus ar Iechonias.*

1 Seo mar adeir an Tiarna: Imigh síos[2] go dtí tigh rí Iúda, agus labharfair an focal so ann, 2 agus
déarfair, éist le briathar an Tiarna, a rí Iúda atá id shuí i gcathaoir Dhávid, thusa agus do sheirbhísigh agus do dhaoine, a bhíonn ag dul na geataí sin isteach. 3 Seo mar adeir an Tiarna:
Deinidh breithiúntas agus ceart, agus fuasclaídh a láimh an éigeantóra an té ar a bhfuil éagóir á dhéanamh, agus ná bídh cruaidh ar an nduine iasachta, agus ar an ndílleachtaí, agus ar an mbainntrigh, agus ná bídh ag déanamh éagóra orthu, agus ná bídh ag dortadh fola neamhchiontaí
san áit sin. 4 Agus má dheineann sibh go dílis de réir an bhréithir sin, ansan is ea ' bheidh ag teacht isteach geataí an tí seo ríthe de shliocht Dhávid ag suí 'na chathaoir, agus ag marcaíocht i gcarbataibh agus ar eachaibh, iad féin agus a seirbhísigh agus a ndaoine. 5 Ach mura n-éistidh sibh
leis na bréithribh sin: táim dhá dhearbhú dar me féinig, adeir an Tiarna, go mbeidh an tigh seo in' uaigneas. 6 Óir seo mar adeir an Tiarna le tigh rí Iúda: Taoise dhómhsa id Ghalaad[3], id cheann Libanuis: ach go deimhin déanfad díot fiantas agus cathracha nách féidir lucht cónaithe ' bheith
iontu. 7 Agus ollmhód[4] id choinnibh an maraitheóir agus a chuid arm: agus geárrfaid siad anuas do chéadair thofa, agus caithfid siad uathu isteach sa tine iad. 8 Agus beid mórán ag gabháil thar an gcathair seo: agus beid siad dhá rá: gach duine lena chómharsain: Cad 'na thaobh gur dhein an

1 Caib. 21. véar. a 13. "*Id chónaí i ngleann*". Le Ierúsalem atá sé ag cainnt, mar bhí a muinín aici as an gcuma 'na raibh sí suite ar charraig agus an gleann doimhinn 'na tímpall.

2 Caib. 22. véar. 1. "*Imigh síos*". Do thit na nithe atá sa chaibideal so amach níba thúisce ná na nithe atá sa chaibideal roimis. Ní leantar i gcónaí imeacht na haimsire i scríbhinníbh na bhfáidhí.

3 Véar. 6. "*Galaad*". Áit shaibhir thorthúil ab ea Galaad, agus tugtar an ainm san áit sin ar phálás ríthe teaghlaigh Dhávid, agus tugtar "*Libanus*", ainm cnuic aoird a bhí clúdaithe le crannaibh céadar, ar an gcathair sin Ierúsalem a bhí lán de dhaoinibh.

4 Véar. 7. "*Ollmhaigh*", de réir na leitre, "naomhaigh".

Tiarna mar sin leis an mórchathair sin? 9 Agus freagróid siad: Mar do thréigeadar connradh a dTiarna Dia agus bhíodar ag adhradh déithe iasachta agus friothálamh orthu.

10 Ná bídh ag caoineadh an mhairbh[1], agus ná bídh ag sileadh deór ’na dhiaidh: bídh ag caoineadh an té atá ag imeacht chun siúil, mar ní thiocfaidh sé thar n-ais a thuilleadh ná ní fheicfidh sé an tír ’nar rugadh é. 11 Óir seo mar adeir an Tiarna le Sellum mac Iosiais rí Iúda, a bhí i réim in inead a athar, agus d’imigh amach as an áit sin: ní fillfidh sé chun na háite seo a thuilleadh. 12 Ach san áit chun ar aistríos-sa é is ea ’ gheóbhaidh sé bás, agus ní fheicfidh sé an tír seo a thuilleadh.

13 Is léanmhar don té a chuireann suas a thigh le héagóir, agus nách le breithiúntas (a chuireann sé suas) a sheómraí: a dhéanfaidh éagóir gan chúis ar a charaid, agus ná díolfaidh a thuarastal leis. 14 An té adeir: Déanfad tigh fairseag dom féin, seomraí móra: an té a dh’osclann finneóga dho féin, agus a dheineann cínn céadair, agus do phéintálann iad le corcar. 15 An mbeidh tú i réim toisc go gcuireann tú thu féin i gcúmparáid leis an gcéadair? Nár dhein t’athair ithe agus ól agus breithiúntas agus ceart agus bhí an scéal go maith aige an uair sin? 16 Do bhreithnigh sé cúis an bhoicht agus an uireasbaigh ar mhaithe leis féin. Nách toisc aithne ’ bheith aige ormsa é sin, adeir an Tiarna? 17 Ach táid do shúilese agus do chroí i ndiaidh na sainnte, agus i ndiaidh dortadh fola neamhchiontaí, agus i ndiaidh na héagóra, agus tugtha do bheith ag rith i ndiaidh drochghníomhartha. 18 Dá bhrí sin seo mar adeir an Tiarna i dtaobh Ioacim mar Iosiais rí Iúda: Ní bheid siad dhá chaoineadh: Ochón, a dhriotháir, agus ochón, a dhrifiúr. Ní bheid siad ag caí ’na dhiaidh: Ochón an Tiarna, nú, ochón an duine uasal. 19 Adhlacfar é le hadhlacadh an asail, é lofa agus é dá chaitheamh amach lasmu’ de gheataíbh Ierúsalem.

20 Éiridh in áirde ar Libanus agus bí ag glaoch agus árdaigh do ghlór i mBasan, agus bí ag glaoch ar na daoine a bheidh ag gabháil thart, óir táid do lucht grá go léir ídithe. 21 Do labhras-sa leat nuair a bhís séanmhar, agus dúraís: Ní éistfead leat. Sin é do shlí ó t’óige, óir níor éistis lem ghlór. 22 Is í an ghaoth a bheidh ag cothú t’aeirí go léir, agus imeóid do lucht grá go léir isteach i mbraighdineas, ansan a bheidh mearaí ort agus náire mar gheall ar do mhallaitheacht. 23 Tusa atá id shuí i Libanus agus a dheineann do nead in sna céadaraibh, cad é mar a dheinis caí nuair a tháinig na dóláis ort ar nós pianta mná seólta!

24 Mar is beó me, adeir an Tiarna, dá mbeadh Iechonias mac Ioacim rí Iúda mar ’ bheadh fáinne ar mo láimh dheis do stracfainn as an áit sin é. 25 Agus tabharfad thu isteach i láimh na ndaoine atá ar tí t’anamsa, agus isteach i láimh na ndaoine go bhfuil eagla roimena ngnúis agat, agus isteach i láimh Nabuchodonosoir rí Bhabiloin, agus isteach i láimh na gCaldéach. 26 Agus cuirfead tu féin agus an mháthair a rug thu, isteach i ndúthaigh iasachta nách ann a rugadh thu, agus san áit sin a gheóbhair bás. 27 Agus ní thiocfaid siad thar n-ais isteach sa tír go bhfuil a n-aigne árdaithe suas acu chun teacht thar n-ais ann.

28 An árthach cré atá briste an fear san Iechonias? An árthach é ná fuil aon tsuairceas ann? Cad ’na thaobh go bhfuilid siad dá gcaitheamh amach, é féin agus a shíol, agus dá gcaitheamh isteach i dtír nách aithnid dóibh? 29 A thalamh, a thalamh, a thalamh, éist le cainnt an Tiarna: 30 Seo mar adeir an Tiarna: Scríbh an fear san ’na sheasc[2], in’ fhear ná beidh ráth air ’na laethibh; óir ní bheidh fear dá shíol ’na shuí i gcathaoir Dhávid, agus cómhacht aige, a thuilleadh i Iúda.

1 Véar. 10. “*An marbh*”, .i. an rí fónta Iosias. Do tógadh chun siúil é leis an mbás i dtreó ná feicfeadh sé mífhoirtiún a thíre.
—*Ibid*. “*An té atá ag imeacht*”, .i. Sellum, nú fé ainm eile Ioachas, a rugadh san Éigipt i mbraighdineas.

2 Véar. 30. “*Seasc*” .i. gan chlann. Ní hamhlaidh ná raibh aon chlann aige, ach is amhlaidh ná rabhadar choíche chun bheith ’na ríthibh ar Iúda.

**Caib. Dhá Dheich a Trí**

*Dia ag imdheargadh drochrialtóirí: agus dhá gheallúint go gcuirfeadh sé uaidh aeirí fónta: agus Críost féin, Rí na n-aeirí, É dian ar fháidhíbh fallsa nár cuireadh ag déanamh fáidheadóireachta in aon chor iad agus a bhíodh ag fáidheadóireacht gan údarás.*

1 Léan ar na haeiríbh a bhíonn ag stracadh caeireach m'fhosaíochta, adeir an Tiarna. 2 Dá bhrí sin
seo mar adeir an Tiarna, Dia Israél, leis na haeiribh a bhíonn ag cothú mo phobail: Tá mo thréad
scaipithe agaibh agus díbeartha chun siúil, agus níor thugabhair aon chuaird orthu: Féach
tabharfadsa cuaird oraibhse mar gheall ar olcas úr ngníomhartha, adeir an Tiarna. 3 Agus cruinneód
i dteannta ' chéile iarsma mo thréada, as na tíortha go léir go bhfuilid siad caite amach agam iontu,
agus iompód thar n-ais iad chun a dtalúintí féinig, agus méadófar iad agus iomadófar iad. 4 Agus
cuirfead suas aeirí os a gcionn: agus cothóid siad iad: ní bheidh eagla orthu a thuilleadh ná ní bheidh
faitíos orthu, agus ní bheidh aon cheann in easnamh ar a n-uimhir, adeir an Tiarna.

5 Féach táid na laethanta ag teacht, adeir an Tiarna, agus tógfadsa chun Dáivid buinne cóir: agus
beidh rí i réim: agus beidh sé eagnaí, agus déanfaidh sé breithiúntas agus ceart ar an saol. 6 In sna
laethibh sin sábhálfar Iúda, agus déanfaidh Israél cónaí go muiníneach: agus sid é ainm a ghlaofaid
siad air: An Tiarna ár n-aon chóir. 7 Dá dheascaibh sin féach táid na laethanta ag teacht, adeir an
Tiarna, agus ní déarfaid siad a thuilleadh: Is beó an Tiarna do thug aníos clann Israél a talamh na
hÉigipte: 8 ach amháin, Is beó an Tiarna do thug amach agus do thug anso síol teaghlaigh Israél as
an dtuaiscirt, agus as na tíorthaibh go léir chun ar chaitheas amach iad agus beid siad 'na gcónaí 'na
dtalamh féinig.

9 Chun na bhfáidhí: Tá mo chroí briste istigh ionam. tá creathán im chnámhaibh go léir: táim mar '
bheadh fear meisce, agus mar ' bheadh duine a bheadh lán d'fhíon, ó aghaidh an Tiarna agus ó
aghaidh a bhréithre beanaithe. 10 Óir tá an tír lán de lucht adhaltranais, óir tá buairt ar an dtír mar
gheall ar eascainíbh, táid ithreacha an uaignis triomaithe suas: táid a gcúrsaí go holc, agus ní mar a
chéile a neart. 11 Óir tá an fáidh agus an sagart truaillithe: agus fuaras a mallaitheacht istigh im
thigh, adeir an Tiarna. 12 Dá bhrí sin beidh a slí mar ' bheadh slí shleamhain sa doircheacht: óir
beid siad dá gcomáint ar aghaidh ann agus beid siad ag titim. Óir tabharfadsa uilc orthu, bliain a
gcuarda, adeir an Tiarna. 13 Agus do chonac amadántacht i bhfáidhibh Shamaria: Bhídís ag
fáidheadóireacht i mBaal agus ag cur mo phobail Israél amú. 14 Agus do chonac samhaltas lucht
adhaltranais agus slí an éithigh i bhfáidhibh Ierúsalem. Agus do neartaíodar lámha na gcuirpeach i
dtreó ná hiompódh éinne óna dhrochghníomharthaibh, táid siad go léir iompaithe amach dómhsa ar
nós Sodoim, agus a lucht cónaithe ar nós Ghomorrha. 15 Uime sin seo mar adeir an Tiarna: féach
biathfadsa iad le borramótar, agus tabharfad domlas le n-ól dóíbh, mar, ó fháidhibh Ierúsalem tá
cuirpeacht tar éis dul amach isteach sa tír go léir. 16 Seo mar adeir an Tiarna: Ná héistidh le cainnt
na bhfáidhí atá ag fáidheadóireacht díbh agus ag úr gcur amú. Aisling as a gcroí féin a labhraid siad
agus ní haisling a béal an Tiarna. 17 Deirid siad leis an muíntir a bhíonn ag tabhairt diamhasla
dhómhsa: Deir an Tiarna: Beidh síocháin agaibh. Agus tá ráite acu le gach duine a bhíonn ag siúl i
mallaitheacht a chroí féinig: Ní thiocfaidh aon drochní oraibh: 18 óir cé ' sheasaimh i gcómhairle an
Tiarna agus do chonaic agus d'airigh a bhriathar? Cé ' bhreithnigh a bhriathar agus d'airigh é?

19 Féach tiocfaidh gaoth guarnain de dhíbheirg an Tiarna amach, agus brisfidh anaithe amach agus
tiocfaidh sé ar cheann na ndrochdhaoine. 20 Ní chasfaidh oirbhíre an Tiarna thar n-ais go dtí go

gcuirfidh sé i ngníomh é, agus go gcuirfidh sé chun cínn machnaimh a chroí. In sna laethantaibh deirineacha is ea ’ thuigfidh sibh a bheartú.

21 Ní chuirinnse fáidhí uaim, ach fós bhídís ag rith. Ní labhrainn leó, ach fós bhídís ag fáidheadóireacht. 22 Dá bhfanaidís de réir mo chómhairle agus mo bhréithre do chur in úil dom pobal d’iompóinn iad óna ndrochghníomharthaibh. 23 An Dia in aice leat me, an dó’ leat, agus ní Dia i gcéin, adeir an Tiarna? 24 An gcurfar duine i bhfolach, in áiteannaibh nách eól, agus ná feicfeadsa é, adeir an Tiarna? An amhlaidh ná líonaim neamh agus talamh, adeir an Tiarna? 25 D’airíos a nduairt na fáidhí a bhíonn ag fáidheadóireacht éithigh in ainm, agus adeir: Do taibhríodh dom, do taibhríodh dom. 26 Cad é an fhaid a bheidh san i gcroí na bhfáidhí a bhíonn ag fáidheadóireacht bhréag, agus ag fáidheadóireacht samhlúchán a gcroí féinig? 27 Na fáidhí a bhíonn a d’iarraidh a chur ’ fhéachaint ar mo dhaoine m’ainm a dhearúd, leis na taibhrithibh sin a bhíonn ag gach fear acu dá ínsint dá cómharsain: fé mar a dhearúid a n-aithreacha me ar son Bhaail. 28 An fáidh go ndéanfar taibhreamh do ínseadh sé taibhreamh; agus an té go mbeidh mo bhriatharsa aige labhradh sé mo bhriathar le fírinne. Cad í an bhaint atá ag an gcáith leis an gcrithneacht, adeir an Tiarna? 29 An amhlaidh ná fuilid mo bhriathrasa mar ’ bheadh tine, adeir an Tiarna: agus mar ’ bheadh casúr ag briseadh na carraige ’na bloghaibh?

30 Dá bhrí sin féach mise chun na bhfáidhí, adeir an Tiarna, chun na bhfáidhí a bhíonn ag guid mo bhriathar, gach duine óna chómharsain. 31 Féach me chun na bhfáidhí a bhíonn ag luascadh a dteangan agus dhá rá: Deir an Tiarna é. 32 Féach me chun na bhfáidhí go ndeintear taibhrithe éithigh dóibh, adeir an Tiarna, agus a bhíonn dhá n-ínsint, agus a bhíonn ag cur mo dhaoine amú lena n-éitheach, agus lena n-iúnaíbh: nuair nár chuireas-sa uaim iad, agus nár thugas aon órdú dhóibh, agus níl aon tairbhe in aon chor déanta acu don phobal so, adeir an Tiarna.

33 Dá bhrí sin má fhiafraíonn an pobal so dhíot, nú an fáidh, nú an sagart, má fhiafraíonn sé dhíot, dhá rá: Cad é ualach an Tiarna? Déarfair leó: Sibhse an t-ualach: óir caithfead uaim sibh, adeir an Tiarna. 34 Agus i dtaobh an fháidh, agus an tsagairt, agus an phobail adeir: Ualach an Tiarna[1]: tabharfadsa cuairt ar an bhfear san agus ar a thigh. 35 Seo mar adéarfaidh sibh, gach duine lena chómharsain agus lena bhráthair: Cad é an freagra atá tabhartha ag an dTiarna uaidh? Agus cad ’tá ráite ag an dTiarna, 36 agus ní déarfar a thuilleadh ualach an Tiarna. Óir is é briathar gach duine a bheidh in’ ualach air féin: óir táid bréithre an Dé bheó curtha ar tuathal agaibh, bréithre an Tiarna san na sló, ár nDia. 37 Seo mar adéarfair leis an bhfáidh: Cad é an freagra atá tabhartha ag an dTiarna ort? Agus cad ’tá ráite ag an dTiarna? 38 Ach má deireann sibh: Ualach an Tiarna: uime sin seo mar adeir an Tiarna: Toisc go nduarabhair an focal san: Ualach an Tiarna, agus gur chuireas-sa chúibh dhá rá: Ná habraigh ualach an Tiarna: 39 dá bhrí sin féach tógfad chun siúil sibh agus béarfad liom sibh, agus tréigfead siad féin agus an chathair a thugas díbh, agus dúr n-aithreachaibh, as mo radharc[2], 40 agus tabharfad aithis shíoraí oraibh agus náire bithbhuan ná dearúdfar choíche.

## Caib. Dhá Dheich a Ceathair

1 Caib. 23. véar. 34. “*Ualach an Tiarna*”. Do coisceadh an focal san do rá an uair sin mar is amhlaidh a bhíodh na fáidhí fallsa agus daoine gan creideamh ag caitheamh an fhocail le Ieremias, ag tabhairt tarcaisne dho, agus ag déanamh magaidh faoi féin agus fé sna pionóisíbh a bhíodh aige á bhagairt orthu ó Dhia chómh minic. Thugaidís ar gach aon bhagairt “*Ualach Ieremiais*”.

2 Véar. 39. “*As mo radharc*”, .i. Deir an Tiarna go gcuirfidh sé as a radharc iad agus isteach sa bhraighdineas, mar gheall ar a bpeacaíbh.

*Fé shamhaltas figí fónta agus drochfhigí targaireann sé conas mar a tabharfí thar n-ais na Giúdaígh a rugadh chun siúil i mbraighdineas in éineacht le Iechonias, agus an droch-chrích a bhéarfadh an méid a fágadh.*

1 Agus do thaispeáin an Tiarna dhom: agus féach dhá chiseán agus iad lán d'fhigibh, agus iad os cómhair teampaill an Tiarna: nuair a bhí Nabuchodonosor rí Bhabiloin tar éis Iechoniais mac Ioacim rí Iúda, agus a uaisle, agus an lucht ceárd, agus snoídheadóirí Ierúsalem, do bhreith chun siúil leis agus do bhreith leis go dtí Babilon. 2 Bhí figí ana-mhaithe in aon chiseán amháin díobh, mar fhigí an chéad shaosúir, agus bhí sa chiseán eile drochfhigí nárbh fhéidir iad d'ithe mar gheall ar a n-olcas. 3 Agus duairt an Tiarna liom: Cad a chíonn tú, a Ieremiais? Agus duartsa: Figí, na figí fónta ana-mhaith, agus na drochfhigí an-olc agus nách féidir iad d'ithe mar gheall ar a n-olcas.

4 Agus tháinig focal an Tiarna chúm, dhá rá: 5 ar nós na bhfigí maithe san is ea d'aithneódsa lucht braighdinis Iúda. Ar mhaithe leó is ea ' chuireas amach iad as an dtír seo agus isteach i dtír na gCaldéach. 6 Agus cuirfead mo shúile orthu, agus ceannsófar me, agus tabharfad isteach sa tír seo arís iad, agus cuirfead suas iad agus ní tharraiceód anuas iad, agus planndód iad, agus ní staithfead aníos iad. 7 Agus tabharfad dóibh croí chun a fhios a bheith acu gur me an Tiarna. Agus beid said 'na bpobal agam, agus beadsa im Dhia acu, óir iompóid siad chúm lena gcroí go léir.

8 Agus ar nós na ndrochfhigí nách féidir a dh'ithe mar gheall ar iad a bheith go holc, seo mar adeir an Tiarna: Tabharfadsa ar an gcuma san Sedecias rí Iúda agus a phriúnsaí, agus iarsma Ierúsalem, a dh'fhan sa chathair seo agus atá 'na gcónaí san Éigipt, 9 agus tabharfad suas iad chun gach cráiteachta agus chun gach cruatain, do ríochtaibh uile an domhain, chun iad a bheith 'na masla agus 'na ghuith agus 'na seanará, agus chun bheith 'na n-eascaine, ins gach áit 'na gcaithfead amach ann iad, 10 agus scaoilfead ar a measc an claíomh agus an gorta agus an phláig. Go dtí do mbeid siad ídithe amach as an dtalamh a thugas dóibh féin agus dá n-aithreachaibh.

**Caib. Dhá Dheich a Cúig**

*An fáidh ag targaireacht an seacht ndeich de bhlianaibh braighdinis, agus íde Bhabiloin, agus náisiúin eile, 'na dhiaidh san.*

1 An briathar a tháinig go dtí Ieremias i dtaobh pobail Iúda, sa cheathrú bliain de Ioacim mac Iosiais rí Iúda (agus b'í an bhliain chéanna an chéad bliain de Nabuchodonosor 'na rí ar Bhabilon), 2 an briathar a labhair an fáidh Ieremias le pobal Iúda uile agus le lucht cónaithe Ierúsalem uile, dhá rá.

3 Ón dtríú bliain déag do Iosias mac Ammoin rí Iúda go dtí an lá so: sid í an tríú bliain ar fhichid 'nar tháinig briathar an Tiarna chúmsa, agus 'na bhfuil labhartha agam libhse, ag éirí roim lá, agus ag labhairt. Agus níor éisteabhair liom. 4 Agus do chuir an Tiarna chúibh a sheirbhísigh go léir, na fáidhí, ag éirí go moch agus dhá gcur uaidh, agus níor éisteabhairse ná níor chromabhair úr gcluasa chun éisteacht*. 5 Nuair adeireadh sé: Iompaídh, gach duine óna dhrochshlí, agus ónúr mbeartúchánaibh mallaithe, agus cónóidh sibh sa tír a thug an Tiarna díbh féin agus dúr n-aithreachaibh go deó deó. 6 Agus ná bídh ag imeacht i ndiaidh déithe iasachta chun iad d'adhradh, agus ná bídh 'om ghríosadh chun feirge le hoibreachaibh úr lámh, agus ní bheadsa ag cur pionóis oraibh. 7 Agus níor éisteabhair liom, adeir an Tiarna; i dtreó go ngríosfadh sibh chun feirge me le hoibreachaibh úr lámh, chun úr ndíobhála féin.

8 Dá bhrí sin seo mar adeir Tiarna na sló: Toisc nár éisteabhair lem bréithribh, 9 féach cuirfeadsa (teachtairí) uaim agus tógfad cineacha uile an tuaiscirt, adeir an Tiarna agus mo sheirbhíseach[1] Nabuchodonosor rí Bhabiloin, agus tabharfad liom iad i gcoinnibh na tíre seo, agus i gcoinnibh lucht cónaithe na tíre seo, agus i gcoinnibh na náisiún atá mórthímpall air, agus ídeód iad, agus déanfad díobh uathás agus siosarnach agus léirscriosa bithbhuana, 10 agus tógfad uathu glór an tsoilbhris, agus glór an áthais, agus guth an nuachair agus guth na céile, agus fuaim an mhuillinn agus solas an lóchrain. 11 Agus beidh an tír seo go léir 'na léirscrios agus in' uathás. Agus beid na náisiúin seo go léir ag déanamh seirbhíse do rí Bhabiloin ar feadh seacht ndeich de bhlianaibh.

12 Agus nuair a bheidh an seacht ndeich de bhlianaibh caite cuirfead pionós[2] ar rí Bhabiloin agus ar an náisiún san, adeir an Tiarna, mar gheall ar a mallaitheacht; agus ar thír na gCaldéach, agus déanfad léirscrios bithbhuan de. 13 Agus tabharfad ar an dtír sin mo bhréithre go léir, na bréithre atá labhartha agam 'na coinnibh, gach a bhfuil scríofa sa leabhar so, gach a bhfuil labhartha ag Ieremias i gcoinnibh na náisiún go léir. 14 Óir dheineadar seirbhís dóibh bíodh go mba náisiúin iolartha iad agus ríthe móra. Agus déanfadsa cúiteamh leó de réir a ngníomhartha, agus de réir oibreacha a lámh.

15 Óir seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Tóg cupán fíona na hoirbhíre seo óm láimh, agus cuirfir ' fhéachaint ar na náisiúnaibh go léir go gcuirfead chúthu thu bheith ag ól as. 16 Agus ólfaid siad agus beidh buaireamh orthu, agus beid siad ar buile mar gheall ar an gclaíomh a chuirfeadsa ar a measc.

17 Agus thógas an cupán ó láimh an Tiarna, agus thugas le n-ól é do sna náisiúnaibh go léir gur chuir an Tiarna chúthu me, 18 eadhon, do Ierúsalem, agus do chathrachaibh Iúda, agus dá ríthibh, agus dá bpriúnsaíbh, chun léirscriosa, agus uatháis, agus siosarnaí, agus eascaine, do dhéanamh díobh, mar atá inniu. 19 Do Pharao rí na hÉigipte, agus dá sheirbhísigh, agus dá phriúnsaíbh, agus dá dhaoine go léir. 20 Agus do chách i gcoitine: do ríthibh uile tíre Ausitis, agus do ríthibh uile tíre na bhFilistíneach, agus d'Ascalon*, agus d'iarsma Asotuis. 21 Agus d'Edom, agus do Mhoab agus do chlaínn Ammoin. 22 Agus do ríthibh uile Tuíre, agus do ríthibh Shídoin, agus do ríthibh tailimh na n-oileán atá thar farraige. 23 Agus do Dhedan, agus do Thema agus do Bhus, agus dóibh sin go léir go mbíonn a ngruaig beárrtha tímpall acu. 24 Agus do ríthibh uile Arabia, agus do ríthibh uile an iarthair a chónaíonn san uaigneas. 25 Agus do ríthibh uile Sambrí agus do ríthibh uile Elaim, agus do ríthibh uile na Méideach, 26 agus do ríthibh uile an tuaiscirt i gcian agus i gcóngar, gach duine in aghaidh a bhráthar: agus do ríochtaibh an domhain go léir atá ar uachtar na domhain, agus ólfaidh rí Shesach[3] 'na ndiaidh.

27 Agus déarfair leó: Seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Ólaidh, agus bídh ar meisce, agus bídh ag aiseac, agus titidh agus ná héiridh a thuilleadh, de dheascaibh an chlaímh a chuirfeadsa 'núr measc. 28 Agus má dhiúltaíd don chupán do thógaint ód láimh chun óil déarfair leó: Seo mar adeir Tiarna na sló: Is deimhin go n-ólfaidh sibh. 29 Óir féach, sa chathair 'na nglaeitear m'ainm is ea ' thosnód ar phianú, agus an amhlaidh a raghaidh sibhse as fé mar a bheadh sibh gan choir? Ní raghaidh sibh saor as, óir glaofadsa an claíomh ar lucht cónaithe an domhain go léir, adeir Tiarna na sló.

1 Caib. 25. véar. 9. "*Mo sheirbhíseach*". Tugann Dia a sheirbhíseach ar an rí mallaithe sin mar dhein Dia úsáid de chun pionóis a chur ar a phobal.

2 Véar. 12. "*Pionós*". De réir na leitre "*tabharfad cuaird air*".

3 Véar. 26. "*Sesach*", .i. "Babel", nú "Babilon". Nuair a bheadh na daoine sin go léir tabhartha féna smacht aici bhí sí féin le titim agus le hídiú go luath.

30 Agus déanfair na focail sin go léir do thargaireacht dóibh, agus déarfair leó: Beidh an Tiarna ag búirthigh ón áit thuas agus labharfaidh sé a ghlór óna chónaí naofa. Beidh sé ag búirthigh os cionn áite a áilleachta. Búirtheach mar an bhúirtheach a dheinid lucht satalta ar na caoraibh is ea do tabharfar amach i gcoinnibh lucht cónaithe an domhain go léir. 31 Tá an fothram ag teacht go himeallaibh an domhain mar tá an Tiarna ag dul i mbreithiúntas leis na náisiúnaibh. Tá sé ag dul i mbreithiúntas le gach uile fheóil. Tá an dream mallaithe tabhartha suas don chlaíomh agam, adeir an Tiarna. 32 Seo mar adeir Tiarna na sló: Féách raghaidh an t-olc amach ó náisiún go náisiún, agus beidh gaoth mhór guarnain ag dul amach ó imeallaibh an domhain. 33 Agus beid mairbh an Tiarna an lá san ó cheann den domhan go dtí an ceann eile dhe. Ní beifar dhá gcaoineadh, ná dhá mbailiú suas, ná dhá n-adhlacadh. Beid siad ar nós aoiligh ar uachtar na talún.

34 Bídh ag blaidhthrigh, a aeirí, agus bídh ag gol, agus bídh ag caitheamh na luatha oraibh féin, a stiúrthóirí an tréada, óir táid laethanta úr n-éirligh agus úr scaipithe críochnaithe, agus titfidh sibh ar nós árthaí luachmhara. 35 Agus ní bheidh cumas ar theitheadh ag na haeiríbh, ná caoi ag stiúrthóiribh an tréada ar iad féin a shábháil. 36 Glór guil ó sna haeiríbh, agus blaidhthreach ó stiúrthóir an tréada, mar gur ídigh an Tiarna na fosaíochtaí, 37 agus ithreacha na síochána ciúin mar gheall ar fheirg agus ar oirbhíre an Tiarna. 38 Do thréigh sé a phluais ar nós an leóin, óir tá an tír scriosta trí fheirg an cholúir[1] agus trí fheirg agus trí oirbhíre an Tiarna.

### Caib. Dhá Dheich a Sé

*An fáidh dá ghabháil agus na sagairt dhá dhaoradh, ach na priúnsaí dhá leogaint saor.*

1 I dtosach réime Ioacim, mac Iosiais, rí Iúda, tháinig an briathar so ón dTiarna dhá rá: 2 Seo mar adeir an Tiarna: Seasaimh i gcúirt tí an Tiarna agus labhair, leis na cathrachaibh sin uile Iúda as a mbítear ag teacht ag adhradh i dtigh an Tiarna, na bréithre go léir a dh'órdaíos duit a labhairt leó. Ná fág aon fhocal amháin gan labhairt. 3 Má ráiníonn go n-éistfid siad agus go n-iompófar iad, gach duine óna shlí mhallaithe, i dtreó go ndéanfainn aithrí i dtaobh an uilc a mheasaim a dhéanamh orthu mar gheall ar mhallaitheacht a ngníomhartha. 4 Agus déarfair leó: Seo mar adeir an Tiarna: Mura n-éistidh sibh liom agus siúl im dhlí, an dlí a thugas díbh: 5 agus cluas a thabhairt do bhréithribh mo sheirbhíseach, na fáidhí a chuireas chúibh ag éirí go moch, agus me dhá gcur uaim agus nár éisteabhair leó; 6 déanfandsa an tigh seo ar nós Shíló, agus déanfad an chathair seo a bheith 'na heascaine do náisiúnaibh uile an domhain.

7 Agus d'airigh na sagairt agus na fáidhí agus na daoine Ieremias ag labhairt na bhfocal san i dtigh an Tiarna, 8 agus nuair a bhí críochnaithe ag Ieremias, ag rá gach a raibh órdaithe ag an dTiarna dho a labhairt leis na daoine, do rug na sagairt air agus na fáidhí agus na daoine go léir, agus dúradar: Curtar chun báis é. 9 Cad chuige[*] bheith ag fáidheadóireacht in ainm an Tiarna, dhá rá: Beidh an tigh seo ar nós Shíló, agus déanfar an chathair seo bheith 'na huaigneas gan lucht cónaithe inti? Agus bhí na daoine go léir cruinnithe i dteannta ' chéile i gcoinnibh Ieremiais i dtigh an Tiarna. 10 Agus d'airigh priúnsaí Iúda na focail sin agus d'imíodar suas ó thig an rí go tigh an Tiarna, agus do shuíodar i mbéal gheata nua tí an Tiarna. 11 Agus do labhair na sagairt agus na fáidhí leis na priúnsaíbh agus leis an bpobal uile agus dúradar: Tá breith bháis ag dul don fhear so: óir tá fáidheadóireacht déanta aige i gcoinnibh na cathrach so, mar a chloiseabhairse lenúr gcluasaibh.

1 Véar. 38. "*An colúr*". Tuigtear i gcoitine go gciallaíonn an colúr Nabuchodonosor, óir deirtear gur colúr a bhíodh mar bhratach aige. Ach "Ionah" is ea atá san Éabhrais ar an bhfocal san "colúr" atá san áit seo, agus ciallaíonn "Ionah", scriostóir, leis, nú éigeantóir, agus is feárr a dh'oireann san don annscian rí úd. Nú d'fhéadfí trácht ar an gcolúr mar gheall ar a luas, .i. go dtiocfadh an íde orthu le luas an cholúir.

12 Agus do labhair Ieremias leis na priúnsaíbh go léir agus leis na daoine go léir agus duairt sé: Do chuir an Tiarna uaidh me chun go labharfainn i bhfáidheadóireacht, i dtaobh an tí seo agus i dtaobh na cathrach so, na bréithre uile sin a chloiseabhair. 13 Anois dá bhrí sin deinidh úr slithe do leasú agus úr ngníomhartha, agus éistidh le guth úr dTiarna Dia agus déanfaidh an Tiarna aithreachas i dtaobh an uilc atá labhartha aige 'núr gcoinnibh. 14 Ach im thaobhsa dhe, táim 'núr lámhaibh. Deinidh liom an ní is maith agus is ceart 'núr súilibhse. 15 Ach bíodh ' fhios an méid seo agaibh, má chuireann sibh mise chun báis go mbeidh fuil neamhchiontach doirtithe agaibh 'núr gcoinnibh féinig agus i gcoinnibh na cathrach so agus i gcoinnibh a daoine, óir is fíor gur chuir an Tiarna chúibh me chun na bhfocal san go léir do labhairt 'núr n-éisteacht.

16 Ansan duairt na priúnsaí agus na daoine go léir leis na sagartaibh agus leis na fáidhibh: Níl aon bhreith bháis ag dul don fhear so: óir is in ainm ár dTiarna Dia atá labhartha aige linn. 17 Agus d'éirigh cuid de sheanóiríbh na tíre: agus do labhradar leis an bpobal go léir, agus dúradar: 18 Bhí Micheas ó Mhorasti in' fháidh i laethibh Esechiais rí Iúda, agus do labhair sé le pobal Iúda go léir, agus duairt sé: Seo mar adeir Tiarna na sló: Beidh Síon dá treabhadh ar nós páirce, agus beidh Ierúsalem 'na tulchán cloch, agus cnuc an tí in' áiteannaibh árda fé choílltibh. 19 Ar chuir Esechias rí Iúda, agus Iúda go léir, an fear san chun báis? Nách amhlaidh a ghlacadar eagla roimis an dTiarna agus do ghuíodar aghaidh an Tiarna: agus do ghlac an Tiarna aithreachas i dtaobh an uilc a bhí labhartha aige 'na gcoinnibh? Dá bhrí sin tá olc mór againn á dhéanamh in aghaidh ár n-anam. 20 Agus bhí fear eile do dheineadh fáidheadóireacht in ainm an Tiarna: Urias mac Shemei ó Chariatiarim: dhein sé sin fáidheadóireacht in aghaidh na cathrach so, agus in aghaidh na tíre seo, díreach ar nós a bhfuil ráite ag Ieremias. 21 Agus d'airigh Ioacim agus a lucht cómhachta go léir agus a phriúnsaí an chainnt, agus bhí an rí a d'iarraidh é ' chur chun báis, agus d'airigh Urias é, agus tháinig eagal air agus do theith sé agus chuaigh sé san Éigipt. 22 Agus do chuir an rí Ioacim fir san Éigipt, Elnatan mac Achaboir agus fir in éineacht leis chun na hÉigipte. 23 Agus thugadar Urias leó as an Éigipt, agus thugadar ag triall ar an rí Ioacim é, agus do mhairbh Ioacim é leis an gclaíomh, agus do chaith sé an corp isteach in uaghannaibh na coitiantachta.

24 Agus bhí lámh Ahicaim mic Saphain le Ieremias, chun ná tabharfí isteach i lámhaibh na ndaoine é le cur chun báis.

### Caib. Dhá Dheich a Seacht

*An fáidh ag cur slabhraí ag triall ar a lán ríthe dhá chur i gcéill go mbeadh orthu a gcínn do chromadh fé chuíng rí Bhabiloin. Ní tabharfar thar n-ais árthaí an teampaill go dtí go mbéarfar an chuid eile go léir chun siúil.*

1 I dtosach réime Ioacim[1] mac Iosiais rí Iúda tháinig an briathar so chun Ieremiais, dhá rá: 2 Seo mar adeir an Tiarna liom: Dein duit féin cuíbhreacha agus slabhraí agus cuirfir ar do mhuineál iad.
3 Agus cuirfir iad ag triall ar rí Edoim, agus ar rí Mhoaib, agus ar rí clainne Ammoin, agus ar rí Tuíre, agus ar rí Shídoin: trí láimh na dteachtairí atá tagaithe go dtí Ierúslaem ag triall ar Shedecias rí Iúda. 4 Agus tabharfar órdú dhóibh a rá lena máistríbh: Seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Seo mar adéarfaidh sibh lenúr máistríbh: 5 Is mise do dhein an domhan agus na daoine, agus na beithígh atá ar uachtar an domhain, lem mhórchómhacht, agus lem chuislinn sínte amach, agus tá an domhan tabhartha agam don té gur chonaic mo shúile gur mhaith é ' thabhairt do. 6 Agus anois táid na talúintí seo go léir tabhartha agam isteach 'na láimh do Nabuchodonosor, rí Bhabiloin, mo

1 Caib. 27. véar. 1. "*Ioacim*". Do tugadh an foíllsiú don fháidh i dtosach réime Ioacim, ach níor cuireadh na cuíbhreacha ag triall ar na priúnsaíbh a hainmnítear san áit seo go dtí go dtáinig réim Shedeciais.

sheirbhíseach, agus tá tabhartha agam do ’na theannta san, leis, beithígh na talún chun seirbhíse dho. 7 Agus beidh na náisiúin go léir ag déanamh seirbhíse dho, agus dá mhac[1] agus do mhac a mhic, chun go dtagaidh an t-am dá thír agus do féinig. Agus beidh mórán náisiún agus ríthe móra ag déanamh seirbhíse dho. 8 Ach an náisiún agus an ríocht ná déanfaidh seirbhís do Nabuchodonosor rí Bhabiloin, agus pé duine ná cromfaidh a mhuineál fé chuíng rí Bhabiloin, tabharfadsa cuaird ar an náisiún san leis an gclaíomh, agus le gorta, agus le pláig, adeir an Tiarna: chun go n-ídíod iad lena láimh. 9 Dá bhrí sin ná héistidh lenúr bhfáidhibh, ná lenúr lucht fáistine, ná lenúr lucht taibhrithe, ná lenúr lucht feasa, ná lenúr lucht asarlaíochta, a bhíonn dhá rá libh: Ní dhéanfaidh sibh seirbhís do rí Bhabiloin, 10 óir is bréaga a bhíonn acu dá fháidheadóireacht díbh, chun sibh a dh’aistriú i bhfad ónúr dtír, agus sibh a chaitheamh amach, agus leogaint díbh bás d’fháil. 11 Ach an náisiún a chromfaidh síos a muineál fé chuíng rí Bhabiloin, agus a dhéánfaidh seirbhís do: leogfadsa dhóibh sin fanúint ’na dtalamh féinig, adeir an Tiarna, agus beid said dhá shaothrú agus cónóid siad ann.

12 Agus do labhras le Sedecias rí Iúda de réir na bhfocal san go léir, agus duart leis: Cromaidh síos úr muineálacha, fé chuíng rí Bhabiloin, agus bídh ag déanamh seirbhíse dho agus dá dhaoinibh, agus mairfidh sibh. 13 Cad chuige dhíbh bás d’fháil, thusa agus do dhaoine, leis an gclaíomh, agus le gorta, agus leis an bpláig, mar atá labhartha ag an dTiarna i gcoininibh an náisiúin ná déanfaidh seirbhís do rí Bhabiloin? 14 Ná héist le bréithribh na bhfáidhí adeir leat: Ní dhéanfaidh sibh seirbhís do rí Bhabiloin óir is bréag atá acu dá ínsint díbh, 15 óir níor chuireas-sa uaim iad, adeir an Tiarna, agus bíd siad ag fáidheadóireacht éithigh im ainm: chun sibh a chomáint amach, agus chun go bhfaigheadh sibh bás, sibh féin agus na fáidhí a bhíonn ag fáidheadóireacht díbh.

16 Do labhras, mar an gcéanna, leis na sagartaibh, agus leis an bpobal, agus duart: Seo mar adeir an Tiarna: Ná tugaidh cluas do bhréithribh úr bhfáidhí a bhíonn ag fáidheadóireacht díbh, dhá rá: Féach, tabharfar árthaí an Tiarna thar n-ais ó Bhabilon anois sara fada, óir is bréag atá acu dá fháidheadóireacht díbh. 17 Dá bhrí sin ná tugaidh cluas dóibh ach deinidh seirbhís do rí Bhabiloin i dtreó go mairfidh sibh. Cad chuige go dtabharfí suas an chathair seo do léirscrios? 18 Ach más fáidhí iad agus go bhfuil briathar an Tiarna iontu cuiridís iad féin mar chosc roime Thiarna na sló i dtreó ná béarfar soir go dtí Babilon na hárthaí a ...[*] 21 ... a fágadh i dtigh an Tiarna agus i dtigh rí Iúda agus Ierúsalem. 22 Go dtí Babilon a béarfar iad agus beid siad ann go dtí lá a gcuarda, adeir an Tiarna, agus cuirfeadsa dá dtabhairt thar n-ais iad, agus dá gcur isteach arís san áit seo.

## Caib. Dhá Dheich a hOcht

*An fháidheadóireacht éithigh a dhein Hananias, a bhás san an bhliain chéanna san, fé mar a thargair Ieremias.*

1 Agus do thárla an bhliain sin, i dtosach réime Sedeciais rí Iúda, an ceathrú bliain, an cúigiú mí, gur labhair Hananias mac Asuir, fáidh ó Ghabaon, liom, i dtigh an Tiarna i láthair na sagart agus an phobail go léir, agus go nduairt sé: 2 Seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Tá cuíng rí Bhabiloin briste agam. 3 Dhá bhliain de laethibh fós agus cuirfead na hárthaí go léir a bhaineann le tigh an Tiarna dá dtabhairt thar n-ais isteach san áit seo, na hárthaí do rug Nabuchodonosor rí Bhabiloin chun siúil as an áit seo, agus do rug sé leis go Babilon. 4 Agus tabharfad thar n-ais chun na háite seo Iechonias mac Ioacim rí Iúda, agus bráide uile Iúda, atá imithe go dtí Babilon, adeir an Tiarna, óir brisfead cuíng rí Bhabiloin.

1 Véar. 7. “*A mhac*”, .i. Evilmerodach; agus mac a mhic, Nabonuídus, nú Nabonadius, .i. Baltassar Dhaniel, rí deirineach na gCaldéach.

5 Agus duairt an fáidh Ieremias leis an bhfáidh Hananias:* 6 Amen, go ndeinidh an Tiarna an ní sin: go gcómhlíonaidh an Tiarna do chainnt, an chainnt atá ráite agat: go dtugtar na hárthaí isteach arís i dtigh an Tiarna, agus go bhfillid na bráide go léir ó Bhabilon chun na háite seo. 7 Ach mar sin féin éist leis an bhfocal so do labhraimse id chluasaibh agus i gcluasaibh na ndaoine go léir. 8 Na fáidhí a bhí ann rómhamsa agus rómhatsa ó thosach agus do dhein fáidheadóireacht i dtaobh mórán tíortha, agus i dtaobh ríochta móra, i dtaobh cogaidh agus cruatan agus gorta. 9 An fáidh (díobh) a thargair síocháin: nuair a thiocfaidh a chainnt chun cínn, aithneófar le fírinne an fáidh a chuir an Tiarna uaidh. 10 Agus do thóg an fáidh Hananias an slabhra a bhí ar mhuineál Ieremiais fáidh agus do bhris sé an slabhra. 11 Agus do labhair Hananias i láthair na ndaoine go léir agus duairt sé: Seo mar adeir an Tiarna: Sin mar a bhrisfeadsa de mhuineál na náisiún go léir cuíng Nabuchodnosoir rí Bhabiloin, tar éis dá bhlian* iomlána (nú, tar éis iomláine dhá bhlian). 12 Agus d'imigh Ieremias fáidh a bhóthar.

Agus tháinig briathar an Tiarna ag triall ar Ieremias fáidh tar éis Hananias fáidh do bhriseadh an tslabhra de mhuineál Ieremiais fáidh, agus duairt sé: 13 Imigh agus abair le Hananias: Seo mar adeir an Tiarna: Do bhrisis slabhraí adhmaid, agus déanfair 'na n-inead slabhraí iarainn, 14 óir seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Tá cuíng iarainn curtha agamsa ar mhuineál na náisiún san go léir chun iad a bheith ag déanamh seirbhíse do Nabuchodonosor rí Bhabiloin agus beid siad ag déanamh seirbhíse dho. 'Na theannta san, leis, táid beithígh an domhain tabhartha dho agam. 15 Agus duairt Ieremias fáidh le Hananias fáidh: Clois anois a Hananiais: Níor chuir an Tiarna uaidh thu, agus tá curtha ' fhéachaint ar na daoinibh seo agat a muinín a bheith acu a bréig. 16 Dá bhrí sin seo mar adeir an Tiarna: Féach, cuirfeadsa chun siúil tu de dhruím uachtair na talún. I mbliana is ea ' gheóbhair bás: óir tá labhartha agat in aghaidh an Tiarna.

17 Agus do fuair Hananias fáidh bás an bhliain sin, an seachtú mí.

**Caib. Dhá Dheich a Naoi**

*Ieremias ag scrí' chun na ndaoine a bhí i mbraighdineas i mBabilon, dhá chómhairliú dhóibh fanúint socair ann agus gan cluas a thabhairt d'fháidhíbh fallsa. É dhá ínsint dóibh go rabhadar le fuascailt tar éis seacht ndeich de bhlianaibh: ach go bhfaigheadh an mhuíntir a fágadh i Ierúsalem bás le claíomh agus le gorta agus le pláig, agus go raibh an bás le teacht ar na fáidhíbh fallsa Achab agus Sedecias agus Semeias.*

1 Sid í an chainnt a bhí sa leitir a chuir Ieremias fáidh ó Ierúsalem chun iarsma na seanóirí a rugadh i mbraighdineas, agus chun na sagart agus chun na bhfáidhí[1] agus chun na ndaoine go léir a rug Nabuchodonosor chun siúil leis ó Ierúsalem go Babilon: 2 tar éis Iechonias an rí, agus an bhannrín, agus na *iúnúcha*, agus priúnsaí Iúda agus Ierúsalem, agus na ceárdaithe, agus na snoídheadóirí, a bheith imithe a Ierúsalem: 3 le láimh Elasa mhic Saphain, agus Gamariais mhic Helciais, gur chuir Sedecias rí Iúda go Babilon iad ag triall ar Nabuchodonosor, rí Bhabiloin, dhá rá: 4 Seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél, chun a bhfuil bertha chun siúil i mbraighdineas, gur chuireas-sa dá mbreith chun siúil iad o Ierúsalem go Babilon: 5 Cuiridh suas tithe agus deinidh cónaí iontu; cuiridh úllúird agus ithidh a dtorthaí. 6 Tógaidh mná agus geinidh clann mhac agus clann iníon, agus tógaidh mná dúr macaibh, agus tugaidh úr n-iníonacha d'fhearaibh, agus beiridís clann mhac agus clann iníon, agus iomadaítear sibh, agus ná bídh 'núr n-uimhir shuarach. 7 Agus loirgidh síocháin na cathrach chun ar chuireas dúr mbreith chun siúil i mbraighdineas sibh, agus bídh ag guí Dé uirthi, óir is 'na síocháin sin a bheidh úr síocháinse.

1 Check this: p3546 in manuscript.

8 Óir seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél: Ná mealladh úr bhfáidhí atá 'núr measc sibh, agus úr
lucht fáistine, agus ná cuiridh suím 'núr dtaibhrithibh a taibhrítear díbh, 9 óir bíd siad ag
fáidheadóireacht éithigh díbh im ainmse: agus níor chuireas-sa uaim iad, adeir an Tiarna. 10 Óir seo
mar adeir an Tiarna: Nuair a thosnóidh an seacht ndeich de bhlianaibh ar bheith críochnaithe i
mBabilon tabharfad cuaird oraibh, agus cuirfead i ngníomh mo dhea-bhriathar i bhfabhar díbh, chun
sibh a thabhairt arís chun na háite seo. 11 Óir is eól dom na smaointe a bhíonn agam á mhachnamh
'núr dtaobh, adeir an Tiarna, smaointe síochána is ea iad agus ní smaointe cruatain, go dtabharfainn
díbh críoch agus foighne. 12 Agus beidh sibhse ag glaoch ormsa, agus imeóidh sibh agus beidh sibh
ag guí chúm agus éistfead libh. 13 Agus beidh sibh 'om lorg agus gheóbhaidh sibh me: nuair a
loirceoidh sibh me lenúr gcroí go hiomlán. 14 Agus beadsa le fáil agaibh, adeir an Tiarna, agus
tabharfad úr mbraighdineas thar n-ais agus cruinneód sibh as na náisiúnaibh go léir, agus as na
háiteannaibh go léir gur chomáineas amach iontu sibh, adeir an Tiarna, agus tabharfad thar n-ais
sibh as an áit gur chuireas dúr mbreith chun siúil ann i mbraighdineas sibh:

15 Toisc go bhfuil ráite agaibh: Táid fáidhí tógtha suas ag an dTiarna dhúinn i mBabilon. 16 Óir seo
mar adeir an Tiarna leis an rí atá 'na suí i gcathaoir Dháivid agus leis na daoine go léir atá 'na
gcónaí sa chathair, lenúr mbráithribh atá imithe amach in éineacht libh i mbraighdineas: 17 seo mar
adeir Tiarna na sló: Féach cuirfead orthu an claíomh, agus gorta agus an phláig, agus déanfad iad
mar ' bheadh drochfhigí nách féidir iad d'ithe táid siad chómh holc san ar fad. 18 Agus bead dhá
gcrá leis an gclaíomh, agus le gorta agus leis an bpláig, agus tabharfad suas chun anacra iad, do
ríochtaibh uile an domhain, chun bheith 'na n-eascaine, agus 'na n-uathás, agus 'na siosarnach, agus
'na masla do sna náisiúnaibh go léir gur chomáineas chúthu amach iad. 19 Óir níor éisteadar lem
bréithribh, adeir an Tiarna, na bréithre do chuireas ag triall orthu lem sheirbhíseachaibh na fáidhí,
ag éirí dhom san oíche agus dhá gcur uaim, agus níor éisteabhair, adeir an Tiarna.

20 Éistidh dá bhrí sin le focal an Tiarna, sibhse go léir a bhaineann leis an mbraighdineas, sibhse do
chuireas amach ó Ierúsalem go Babilon. 21 Seo mar adeir Tiarna na sló, Dia Israél, le hAchab mac
Choliais agus le Sedeciais mac Maasiais, a bhíonn ag déanamh fáidheadóireachta éithigh díbh im
ainmse. Féach tabharfad suas iad isteach i láimh Nabuchodonosoir rí Bhabiloin agus cuirfidh sé
chun báis iad os cómhair úr súl. 22 Agus beidh eascaine dá tógaint uathu san ag lucht braighdinis
Iúda uile, agus déarfar: Go ndeinidh an Tiarna thu ar nós Achaib agus Sedecias gur dhein rí
Bhabiloin iad do róstadh ar an dtine, 23 óir bhídís ag déanamh amadántachta in Israél, agus ag
déanamh adhaltranais le mnáibh pósta a gcarad, agus do labhradar bréithre éithigh im ainmse, gan
órdú tabhartha agam dóibh. Is me is breitheamh agus is fínné, adeir an Tiarna.

24 Agus déarfair le Semeias an Nehelamíteach: 25 Seo mar adeir an Tiarna na sló, Dia Israél: Toisc
gur chuiris-se leitreacha, it ainm féinig, ag triall ar a bhfuil de dhaoinibh i Ierúsalem, agus ag triall
ar Shophonias mac Mhaasiais an sagart, agus ag triall ar na sagartaibh go léir, dhá rá: 26 Do dhein
an Tiarna sagart díot in inead Ioiada an sagart, chun go mbeifá id rialtóir i dtigh an Tiarna, os cionn
an uile dhuine a bhíonn ag rámhailliú agus ag fáidheadóireacht, chun é ' chur i gcuíbhreach agus i
gcarcair, 27 agus anois cad 'na thaobh nár imdheargais Ieremias an tAnatotíteach a bhíonn ag
fáidheadóireacht díbh? 28 Óir do chuir sé sin, leis, leitreacha ag triall orainn go Babilon, dhá rá: Tá
an aimsir fada: cuiridh suas tithe agus deinidh cónaí iontu, agus cuiridh garraithe agus ithidh a
dtorthaí. 29 Dá bhrí sin do léigh Sophonias an sagart an leitir sin in éisteach Ieremiais an fáidh;
30 agus tháinig briathar an Tiarna chun Ieremiais, dhá rá: 31 Cuir scéala chun lucht an bhraighdinis
go léir, dhá rá: Seo mar adeir an Tiarna le Semeias an Nehelamíteach. Toisc go bhfuil
fáidheadóireacht déanta chúibhse ag Semeias agus gan mise dhá chur uaim, agus go bhfuil curtha '

fhéachaint oraibhse aige iúntaoibh a bheith agaibh a bréig. 32 Dá bhrí sin seo mar adeir an Tiarna:
Féach, tabharfadsa cuaird ar Shemeias an Nehelamíteach, agus ar a shliocht: ní bheidh aige fear
chun bheith ’na shuí i lár an phobail seo, agus ní fheicfidh sé an mhaith a dhéanfadsa dom pobal,
adeir an Tiarna, óir do labhair sé éitheach in aghaidh an Tiarna.

**Caib. a Trí Dheich (nú, a Tríochad)**

*Fuasclóidh Dia a phobal óna mbraighdineas. Beidh Críost ’na rí orthu: agus beidh a eaglais glórmhar choíche.*

1 Sid é an briathar a tháinig chun Ieremiais ón dTiarna, dhá rá: 2 Seo mar adeir an Tiarna, Dia
Israél, dhá rá: Scríbh duit féin, i leabhar, na bréithre go léir atá labhartha agam leat. 3 Óir táid na
laethanta ag teacht, adeir an Tiarna, agus casfadsa thar n-ais braighdineas mo phobail Israél agus
Iúda, adeir an Tiarna, agus cuirfead ’ fhéachaint orthu teacht thar n-ais chun na talún a thugas dá n-
aithreachaibh, agus sealbhóid siad é.

4 Agus sid iad na bréithre do labhair an Tiarna le hIsraél agus le Iúda: 5 óir seo mar adeir an Tiarna:
Do chloiseamair glór uatháis: tá eagla ann, agus níl aon tsíocháin ann. 6 Fiafraídh agus féachaidh an
mbeireann fear clann? Cad ’na thaobh, dá bhrí sin, go bhfeaca gach fear agus a lámha ar a luanaibh
aige ar nós mná seólta, agus na gnúiseanna go léir iompaithe buí? 7 Mo chreach, is mór é an lá san,
agus níl a leithéid eile le fáil, agus is aimsir chruatain í do Iácob, ach sábhálfar ón gcruatan é.

8 Agus titfidh amach an lá san, adeir Tiarna na sló, go mbrisfead a chuíng ded mhuineál, agus go
réapfad a chuíbhreacha, agus ní bheidh smacht ag daoinibh iasachta air a thuilleadh, 9 ach beidh
siad ag déanamh seirbhíse dá dTiarna Dia agus do Dháivid[1] a rí, mar tógfadsa suas chúthu é. 10 Dá
bhrí sin ná glacsa eagla, a sheirbhísigh liom, a Iácoib, adeir an Tiarna; agus ná bíodh lagspridí ort, a
Israél: óir féach, saorfadsa thu ó thír atá i gcéin, agus do shíol ó thalamh a mbraighdinis, agus
tiocfaidh Iácob thar n-ais agus beidh sé ar a shuaimhneas, agus beidh flúirse aige de gach aon rud,
agus ní bheidh éinne gur gá dho eagla ’ bheith aige roimis. 11 Óir táimse i t’fhochair, adeir an
Tiarna, chun tu ’ shábháil, óir ídeód ar fad na geinte go léir gur scaipeas tu ar a measc. Ach ní ídeód
thusa ar fad. Smachtód thu, áfach, i mbreithiúntas, sara measfá thu féin neamhchiontach. 12 Óir seo
mar adeir an Tiarna. Tá do ghortú doleighiste, tá do chneadh léanmhar. 13 Níl éinne chun do
bhreithiúntais a bhreithniú agus ceangal suas do dhéanamh. Níl aon leighseanna cneasaithe agat.
14 Táid do lucht grá go léir tar éis thu ’ dhearúd, agus ní bheid siad ar do lorg, óir do chréachtnaíos-
sa tu le créacht namhad, le smachtú cruaidh: trí iomarca do dhrochbheart táid do pheacaí tar éis
cruachtaint. 15 Cad chuige dhuit bheith ag gol mar gheall ar do phionós? tá do dholás doleighiste.
Mar gheall ar iomarca do mhallaitheachta agus mar gheall ar do pheacaíbh crua is ea ’ dheineas-sa
na nithe sin leat. 16 Dá bhrí sin, iad san go leir atá dhot ithe íosfar iad, agus béarfar do namhaid go
léir i mbraighdineas: agus an mhuintir atá dhot scrios scríosfar iad, agus an mhuíntir atá ag déanamh
foghla ort tabharfadsa i bhfoghail iad. 17 Óir dúnfad do chréacht, agus leighisfead tu ód chneáibh,
adeir an Tiarna. Óir do thugadar díbearthach ort, a Shíon: Sid í siúd ná fuil éinne ar a lorg.

18 Seo mar adeir an Tiarna: Féach, tabharfadsa thar n-ais braighdineas na bpuball san Iácoib, agus
beidh trua agam dá thithibh, agus curfar suas an chathair ’na háit árd, agus curfar an teampall ar a
bhunaibh de réir a úird féin. 19 Agus beidh moladh ag teacht amach astu agus guth daoine ag
súgradh. Agus iomadód iad agus ní laíodófar iad, agus glóireód iad agus ní caolófar iad. 20 Agus
beidh a gclann mar a bhídís ó thosach, agus beidh a gcómhthionól marthanach os mo chómhair,

1 Caib. 30, véar. 9. “*Dáivid*”, .i. Críost de theaghlach Dháivid.

agus tabharfad cuaird in aghaidh a mbeidh ag cur orthu, 21 agus is astu féin a bheidh a rialtóir, agus amach as a lár a thiocfaidh a bpriúnsa, agus tabharfadsa i ngar é, agus beidh sé in aice liom. Óir cé hé sin go bhfuil a chroí socair aige ar theacht i ngar dom, adeir an Tiarna? 22 Agus beidh sibhse 'núr bpobal agam agus beadsa im Dhia agaibhse. 23 Féach gaoth ghuarnain an Tiarna, fíoch ag dul amach, anaithe ag gluaiseacht, stadfaidh sé ar cheann na ndrochdhaoine. 24 Ní iompóidh an Tiarna i leataoibh fíoch a dhíbheirge go dtí go mbeidh machnamh a chroí curthu chun cínn agus curtha i ngníomh aige. In sna laethibh deirineacha tuigfidh sibh na nithe sin.

**Caib. Trí Dheich a hAon**

*Israél dá athnuachaint. Stadfaidh Rachel de bheith ag caoineadh. An chonnradh nua. Mairfidh an eaglais go deó.*

1 San am san, adeir an Tiarna, bead im Dhia do mhuíntiribh uile Israél agus beid siad 'na bpobal agam. 2 Seo mar adeir an Tiarna: Na daoine do fágadh agus do chuaigh saor ón gclaíomh fuaradar faeiseamh san uaigneas: raghaidh Israél chun a shuaimhneas. 3 Do thaispeáin an Tiarna é féin dom i bhfad uaim. Is fíor gur thugas grá dhuit, grá bithbhuan. Uime sin a tharraigeas thu, le trua dhuit. 4 Agus cuirfead suas arís tu, agus beidh tú thuas, a mhaighdean Israél. Beid do thíompáin mar órnáid arís ort. Beidh tú ag gabháil amach i gcóraibh lucht súgartha. 5 Beidh tú ag cur fíonghort fós ar chnucaibh Shamaria. Beid na planndóirí ag planndú, agus ní bhaileóid siad fómhar an fhíona sara dtiocfaidh an t-am. 6 Óir beidh lá 'na nglaofaid an lucht faire ar chnuc Ephraim: Éirídh, agus téimís suas go Síon chun ár dTiarna Dia.

7 Óir seo mar adeir an Tiarna: Bídh ag déanamh gáirdeachais in áthas Iácoib agus bídh ag siotraigh in aghaidh cínn na nGeinte, bídh ag liúirigh agus ag cantainn, agus dhá rá: Saor do phobal, a Thiarna, iarsma Israél. 8 Féach, tabharfad liom iad ón dtuaiscirt, agus baileód iad ó imeallaibh an domhain, agus beidh ar a measc an dall agus an bacach, an bhean ag iompar linbh agus an bhean ag breith linbh in éineacht, cuallacht mhór díobh ag filleadh thar n-ais anso. 9 Beid siad ag teacht agus iad ag gol, agus beadsa dhá dtabhairt thar n-ais le trócaire. Agus seólfad iad trí shruthannaibh uisce, ar an mbóthar díreach, agus ní dhéanfaid siad tuisle ann: óir is athair me d'Israél, agus is é Ephraim mo chéadghein. 10 Cloisidh briathar an Tiarna, a gheinte, agus bídh dhá ínsint in sna hoileánaibh atá i gcéin agus dhá rá: An té do scaip Israél baileóidh sé é, agus cimeádfaidh sé é mar a chimeádann an t-aeire a thréad. 11 Óir tá Iácob fuascailte ag an dTiarna, agus do shábháil sé é a láimh duine a bhí níba threise ná é. 12 Agus tiocfaid siad agus beid said ag tabhairt mholta ar chnuc Síoin, agus cruinneóid siad i dteannta ' chéile chun nithe fónta an Tiarna, arbhúr agus fíon agus ola, agus rath airnéise agus tréad, agus beidh a n-anam mar ' bheadh gáirdín uiscithe, agus ní bheidh ocras orthu a thuilleadh. 13 Ansan a bheidh an mhaighdean ag déanamh gáirdeachais sa rínce, na fir óga gus na seandaoine in éineacht: agus iompódsa a gcaoineadh chun áthais agus cuirfead sólás orthu agus déanfad áthasach iad tar éis a ndóláis. 14 Agus líonfad de mhéithreas anam na sagart, agus beidh mo phobal lán dem nithibh fónta, adeir an Tiarna.

15 Seo mar adeir an Tiarna: Do cloiseadh lastuas guth caointe, agus buartha, Rachel ag caoineadh a clainne, agus í ag diúltú do shólás a ghlacadh dá ndruím, toisc gan iad a bheith ann. 16 Seo mar adeir an Tiarna: Stadadh do ghuth de bheith ag gol, agus do shúile de bheith ag sileadh deór, óir tá tuarastal ar do shaothar, adeir an Tiarna, agus tiocfaidh siad tar n-ais a tír a namhad, 17 agus tá dóchas i gcómhair do chríche deireanaí, adeir an Tiarna, agus tiocfaid an chlann thar n-ais chun a

gcríoch féin. 18 Bhíos ag éisteacht le hEphraim nuair a bhí sé ag imeacht i mbraighdineas. Do smachtaís me agus do ghlacas teagasc ar[1]

**Nótaí**

3 *Ní hé a n-aghaidh*: the use of *é* with feminine nouns is fairly widespread in PUL's works.
3 *Ag gabháil na bóithre céanna arís eile*: the genitive plural could stand after the verbal noun (*ag gabháil na mbóithre*). However, the form given in the manuscript is acceptable too, possibly explicable as an accusative of extent in space, or simply an instance where a longish noun phrase is bracketed off and given in the nominative absolute.
9 *Idir dhuine agus a chómharsa*: *a chómharsa* stands here in the nominative absolute, as a phrase noun and as a phrase relatively distant from the preposition governing it.
9 *Agus beir ag glaoch orthu ach ní thabharfaid siad freagra ort*: the manuscript here had *agus beir ag glaodhach ortha ag ní thabharfid siad freagra ort.*
10 *Agus táid áiteanna árda Tophet, gleann mhic Enoim, curtha suas acu*: the manuscript here has *agus táid áiteana árda Tophet gleann mhic Enoin curtha suas acu*, an inadequate translation of the passage that reads in the Douay Bible "and they have built the high places of Topeth, which is in the valley of the son of Ennom".
10 *Ní adhlacfar iad*: without h-prefixation of the autonomous form here.
11 *Cé ' thabharfaidh uisce dom cheann agus tobar deór dom shúilibh?*: the manuscript here had *ag tobar deór &c.* As the Douay Bible has "Who will give water to my head, and a fountain of tears to my eyes?", it seems *ag* is either an error or an abbreviation of *agus.*
12 A full translation is not given here for the chapter heading to Ieremias 10, which ends, in the Douay Bible, with " The chastisement of Jerusalem for her sins".
13 *Go hamadánta*: h-prefixation is supplied here. The lack of h in the manuscript is explained by the fact that PUL adjusted the manuscript to insert *go.*
18 *Im fhear coímheascair don tsaol go léir?*: adjusted from *do'n saol go léir* in the manuscript.
18 *Ní iompófar*: without h-prefixation of the autonomous form of the verb.
19 *Ní adhlacfar iad*: without h-prefixation of the autonomous form of the verb.
23 *Imeagla mhórthímpall*: *mórthímpall* is lenited here as if an adjective qualifying a feminine noun.
24 *I ndiaidh na pláige*: this is an incomplete translation. The Douay Bible here has "from the pestilence, and the sword, and the famine".
29 *Chun éisteacht*: the manuscript is clearly corrected to remove the final *a* of *éisteachta*. *Chun éisteachta* is found in many of PUL's printed works, but nouns in *-acht* regularly lose their declined genitive in traditional WM Irish.
30 *Agus d'Ascalon*: this is an incomplete translation. The Douay Bible here has "and Ascalon, and Gaza, and Accaron".
31 *Cad chuige bheith ag fáidheadóireacht?*: a later hand inserts *dho* (*dó* in the original) after *cad chuige.*
33 18 *Ach más fáidhí iad agus go bhfuil briathar an Tiarna iontu cuiridís iad féin mar chosc roime Thiarna na sló i dtreó ná béarfar soir go dtí Babilon na hárthaí a ... 21 ... a fágadh i dtigh an Tiarna agus i dtigh rí Iúda agus Ierúsalem*: some sentences are omitted here. The Douay Bible has "[18] But if they be prophets, and the word of the Lord be in them: let them interpose themselves before the Lord of hosts, that the vessels which were left in the house of the Lord, and in the house of the king of Juda, and in Jerusalem, may not go to Babylon. [19] For thus saith the Lord of hosts to the pillars, and to the sea, and to the bases, and to the rest of the vessels that remain in this city: [20] Which Nabuchodonosor the king of Babylon did not take, when he carried away Jechonias the

1 Do further pages of the manuscript exist? This is p3557.

son of Joakim the king of Juda, from Jerusalem to Babylon, and all the great men of Juda and Jerusalem. [21] For thus saith the Lord of hosts the God of Israel, to the vessels that are left in the house of the Lord, and in the house of the king of Juda and Jerusalem:”.

34 5 *Agus duairt an fáidh Ieremias leis an bhfáidh Hananias:* 6 *Amen, go ndeinidh an Tiarna an ní sin: go gcómhlíonaidh an Tiarna do chainnt, an chainnt atá ráite agat*: a section is omitted here. The Douay Bible has “[5] And Jeremias the prophet said to Hananias the prophet in the presence of the priests, and in the presence of all the people that stood in the house of the Lord: [6] And Jeremias the prophet said: Amen, the Lord do so: the Lord perform thy words, which thou hast prophesied:”.

34 *Tar éis dá bhlian*: the manuscript is here clearly adjusted from *dhá bhlian* to *dá bhlian*. It may be that PUL regarded the homorganic dental word boundary between *éis* and *dhá* as sufficient to delenite *dhá*.